

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall 2016 - 2022

Imleabhar 1

Straitéis, Spriocanna Tosaíochta & Cuspóirí Ardleibhéil

Clár na nÁbhar

1.0	Réamhrá	1
2.0	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta & Measúnacht Chuí	2
3.0	Promhadh	3
4.0	Fís an Phlean	4
5.0	Próiseas Ullmhaithe an Phlean	5
6.0	An Ráiteas Socheacnamaíochta	7
	6.1 Próifíliú an Chontae	14
	6.2 Aschur an phróisis rannpháirtíochta	26
	6.3 Athbhreithniú na straitéise agus chomhthéacs an bheartais	28
	6.4 Na príomhchláir maidir le beartas agus maoiniúchán	34
7.0	Na Spriocanna Tosaíochta	35
8.0	Na Cuspóirí Ardleibhéil a ghabhann le Gach Sprioc ar leith	36
9.0	Na Réimsí Gníomhaíochta	45
10.0	An Creat Forfheidhmiúcháin, Faireacháin, Measúnaithe agus Athbhreithnithe	46

Liosta na bhFíoracha

Fíor 1: An tAmlíne maidir le Rannpháirtíocht

Fíor 2: Cineál Comhtháite PÁEP Dhún na nGall

Liosta na dTáblaí

Tábla 1: L.L.D.B a d'éirigh as an bPróiseas Rannpháirtíochta

Tábla 2: Scóip na Straitéisí agus Chomhthéacs an Bheartais

Liosta na Léarscáileanna

Léarscáil 1: Straitéis Spásúlachta na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha (TPR-anna).

Léarscáil 2: Comhthéacs Spásúlachta na Lárionad Forbartha

1.0 Réamhrá

Is é seo Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) Dhún na nGall don tréimhse 2016 – 2022, agus mairfidh sé 6 bliana. Plean comhpháirtíochta atá ann agus ba iad Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Coiste Forbartha Eacnamaíochta Chontae Dhún na nGall a d’ullmhaigh é. Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail ag cruinniú dá gcuid ar an 25 Eanáir 2016.

Is é is cuspóir don Phlean ná gníomhartha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun gnéithe eacnamaíochta agus pobail an Chontae a neartú agus a fhorbairt agus léiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéisí Náisiúnta agus Réigiúnacha atá ann cheana féin, nó atá beartaithe, maidir le cúrsaí spásúlachta, pobail agus eacnamaíochta, agus tacaíocht a thabhairt do i ndáil leis na straitéisí sin. Ullmhaíodh an Plean mar thoradh ar fhorálacha alt 66B den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus i gcomhréir leis na ‘Treoirlínte ón Aire i ndáil leis na Gnéithe Pobail & Eacnamaíochta den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail’.

Taispeánann an Plean an obair shuntasach atá déanta, agus an cumas, an t-eolas agus an taithí atá ann sa Chontae chun freastal ar riachtanais agus ar éilimh atá dúshlánach agus a bhíonn ag síorathrú. Gníomhaíochtaí de chineál fadtéarmach agus físeach atá i gceist le cuid mhór de na gníomhaíochtaí a shamhlaítear sa Phlean seo agus, mar bhonn leis na gníomhaíochtaí sin, tá tús curtha le bunobair fhóna, an-substaintiúil cheana féin, nó tá obair den sórt sin curtha i gcrích cheana féin, ag na comhpháirtithe éagsúla. Go háirithe, tá fianaise ann ar chumas ar leith i ndáil le comhoibriú a dhéanamh chun acmhainní a uasmhéadú agus tairbhí a mhéadú le gur féidir an oiread daoine agus áiteanna agus is féidir a chur san áireamh. Go dtí seo, bhí, agus beidh, comhpháirtíochtaí inmheánacha Contae, chomh maith le comhpháirtíochtaí le contaetha eile, gan trácht ar theagmháil a dhéanamh lenár gcomharsana trasteorann agus lenár gcontrapháirtithe idirnáisiúnta, bainteach leis an obair seo. Is é is aidhm do PÁEP Dhún na nGall 2015-2021 ná leanúint den tsármhaitheas atá bainte amach cheana féin agus leanúint de bheith ag gníomhú ar mhodh eisleamáireach trína rachfar chun tairbhe, agus trína mbainfear athruithe amach, do mhuintir Dhún na nGall.

Dá bhrí sin, agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile, táthar tar éis 7 Sprioc Thosaíochta a shainaithint do PÁEP Dhún na nGall:

1. Dún na nGall a Fhorbairt mar **Áit Nasctha**
2. Leas a Bhaint as **Caipiteal Nádúrtha agus Daonna** Dhún na nGall
3. Meas a thabhairt ar ár n-**acmhainn Chultúir agus Chruthaitheachta**, agus í a Chothú agus a Fhorbairt
4. Pobail atá **Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Folláin** a Chur Chun Cinn
5. Dún na nGall a Fhorbairt mar **Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta**
6. **Branda ‘Dún na nGall’** a Fhorbairt
7. **Fiontraíocht, Infheistíocht agus Fiontair** a Chur Chun Cinn

Tá 2 Imleabhar agus 2 Aguisín ann in PÁEP Dhún na nGall mar a leanas:

- Imleabhar 1: Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall – Straitéis, Spriocanna Tosaíochta & Cuspóirí Ardleibhéal
- Imleabhar 2: Réimsí Gníomhaíochta PÁEP Dhún na nGall
- Aguisín 1: Próifíl Chontae Dhún na nGall
- Aguisín 2: Rannpháirtíocht; Athbhreithniú Chomhthéacs an Bheartais; Príomhchláir Mhaoiniúcháin

2.0 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta & Measúnacht Chuí

Mar chuid de phróiseas ullmhaithe an PÁEP, déantar breithniú ar na héifeachtaí ionchasacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean agus, chuige sin, chuathas i mbun dhá bheart Scagtha i ndáil leis an ngá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)

A mhéid a bhaineann le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), ba é a rinneadh leis an mbeart scagtha ná measúnacht ar na féidearthachtaí go mbeadh éifeachtaí suntasacha ann ar an timpeallacht mar thoradh ar chur i bhfeidhm an PÁEP agus cinneadh nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bPlean ar an timpeallacht agus, dá bhrí sin, ar na cúiseanna seo a leanas, níl gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ina leith:

1. Gníomhaíocht de chineál 'bog' atá i gceist le cuid shuntasach den ghníomhaíocht a bhfuiltear ag súil léi agus, dá bhrí sin, níl aschur fisiciúil inbhraite i gceist mar chomhchuid den ghníomhaíocht ach amháin i gcás cuid theoranta den ghníomhaíocht; agus
2. Cineál an Phlean mar chreat i gcomhair gníomhaíochta seachas mar phlean reachtúil úsáide talún i gcomhair toilithe forbartha a chinneadh. I dtaca leis sin de, maidir le haon ghníomhaíocht a éiríonn as an PÁEP agus a bhaineann le tionscadail fhisiciúla inbhraite a bhfuil cead pleanála ag teastáil ina leith, lena n-áirítear comhtháthú nithe a bhfuil baint acu leis an timpeallacht, tiocfaidh sí faoi réir measúnachta agus breithneofar í i gcomhthéacs an chreata atá glactha maidir le beartas pleanála, ina cháil mar chreat príomha reachtúil úsáide talún laistigh den Chontae.

Measúnacht Chuí (MC)

A mhéid a bhaineann le Measúnacht Chuí, ba é a rinneadh leis an mbeart scagtha ná measúnacht ar na féidearthachtaí go n-imreofaí tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar Láithreáin agus ar Ghréasán Natura 2000 mar thoradh ar chur i bhfeidhm an PÁEP agus cinneadh nach dóigh go mbeidh tionchair shuntasacha ag an bPlean ar Ghréasán na Láithreán Natura 2000 agus, dá bhrí sin, ar na cúiseanna seo a leanas, níl gá le Measúnacht Chuí ina leith:

- (i) gníomhaíochtaí de chineál ‘bog’ atá i gceist le cuid shuntasach de na cuspóirí agus de na gníomhartha agus, dá bhrí sin, níl aon tionchar acu ar láithreáin ná ar Ghréasán Natura 2000; agus
- (ii) Tá na punanna cuspóirí agus beartas atá ann sna Pleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúil cuimsitheach agus is nithe ábharacha iad i ndáil le tograí i gcomhair toiliú pleanála a bhreithniú agus, dá bharr sin, cinntítear cosaint agus coimirciú nithe a bhaineann le cúrsaí timpeallachta, lena n-áirítear comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga agus maolú cuí a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh tionchair shuntasacha ann.

3.0 Promhadh i ndáil le hinbhuanaitheacht, Comhionannas, Bochtaineacht, Saintréitheacht Tuaithe, Aois & Míchumas

De réir Threoirlínte na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) maidir le hullmhú Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta & Pobail, tá raon measúnachtaí déanta ar PÁEP Dhún na nGall maidir lena thionchar ar réimsí na hinbhuanaitheachta, an chomhionannais, na saintréitheachta tuaithe, na haoise agus an mhíchumais, de réir mar a thuairiscítear faoi na 6 phrionsabal chothrománacha.

Rinneadh comhtháthú phrionsabail chothrománacha na hinbhuanaitheachta, an chomhionannais, na bochtaineachta, na saintréitheachta tuaithe, na haoise & an mhíchumais a bhaint amach ó thús phróiseas ullmhaithe an phlean trí rannpháirteachas agus rannpháirtíocht eagraíochtaí earnála a chinntiú, is é sin le rá, eagraíochtaí atá ag obair sna réimsí sin agus, freisin, trí ‘Athbhreithniú na Straitéise agus Chomhthéacs an Bheartais’ a dtugtar mionsonraí ina leith in Aguisín 2 den PÁEP, lena n-áirítear nithe atá bainteach leis an straitéis i gcomhthéacs phromhadh an phlean. Ina theannta sin, rinneadh cuspóirí ardleibhéal an Phlean atá tagtha chun cinn a bhreithniú i gcomhthéacs na féidearthachta go n-imreofar tionchar ar na 6 phrionsabal chothrománacha atá leagtha amach sna Treoirlínte.

Sna bearta profa, tugtar aitheantas don obair shuntasach atá déanta le linn an Plean a ullmhú chun na 6 phrionsabal chothrománacha a chur ar aghaidh tuilleadh agus foghlaimíodh ceachtanna ó na bearta sin. Is é atá i mbéim na measúnachta, agus sa ghné is tábhachtaí di, ná an tábhacht a leagtar ar chomhtháthú na bprionsabal, ó thús an phróisis, trí shonraí a bhailiú, trí rannpháirtíocht, agus trí shásraí chun spriocanna/cuspóirí/gníomhartha a shainiú agus a athbhreithniú, agus chun faireachán a dhéanamh ar na nithe sin. Próiseas comhoibríoch atriallach is ea cur i bhfeidhm PÁEP Dhún na nGall agus is féidir na ceachtanna a fhoghlaimítear a chur i bhfeidhm tríd an bhformhaoirseacht leanúnach atá á déanamh ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil i ndáil le gnéithe pobail den phlean agus ag an gCoiste Forbartha Eacnamaíochta i ndáil leis na gnéithe eacnamaíochta de.

4.0 Fís an PÁEP

Is é atá i bhfís PÁEP Dhún na nGall ná ár ráiteas ardleibhéil i dtaobh cad ba mhaith linn a bhaint amach tríd an bPlean a chur i bhfeidhm. Feidhmíonn sé mar ní atá mar bhonn le spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha an Phlean agus a nascann na nithe sin le chéile.

Fís:

Muintir agus áiteanna Dhún na nGall a nascadh le chéile, leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíochta atá ann agus pobail atá láidir, sláintiúil, uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur ar bun

Tá roinnt príomhluachanna ann mar bhuntaca leis an bhfís agus is ionann iad sin agus uirlis thábhachtach tagartha atá le breithniú le linn an Plean a chur i bhfeidhm. De réir na luachanna buntaca, déanfar an méid seo a leanas tríd an bPlean:

- déanfar comhionannas a chur chun cinn agus a phríomhshruthú;
- beidh an plean bunaithe ar chuspóirí atá inbhuanaithe;
- déanfar na fáltais a gheofar ó na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus laghdófar dúbláil;
- déanfar torthaí sláinte agus leasa a chomhtháthú agus a uasmhéadú sna gníomhaíochtaí ar fad a dtugtar fúthu;
- cinnteofar rannpháirtíocht fhóna sa phróiseas pleanála, agus cinnteofar comhairliúchán agus teagmháil le pobail;
- bainfear úsáid as prionsabail forbartha pobail, is é sin le rá, Comhghníomhaíocht, Cumhachtú, Ceartas Sóisialta, Comhionannas & Frith-idirdhealú, Rannpháirtíocht;
- beidh an plean bunaithe ar chur chuige de chineál comhoibríoch agus comhpháirtíochta;
- leagfar síos an comhthéacs áitiúil do chlár mhaoiniúcháin príomhshrutha;
- beidh an plean i gcomhréir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna athrú) agus le croístraitéis an phlean sin, agus beidh sé i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha;
- sainaitheofar gníomhartha soiléire spriocdhírthe i leith na nithe atá le cur i gcrích.

Is luachanna leathana iad na luachanna buntaca sa mhéid go mbunaíonn siad an timpeallacht ar laistigh de a dhéanfar ár gcuid oibre go léir i ndáil le neartú agus cur chun cinn na gnéithe eacnamaíochta agus pobail den Chontae a chur i gcrích. Plean comhtháite is ea PÁEP Dhún na nGall agus is amhlaidh a bhí an scéal ón tráth a ceapadh an fhís agus na luachanna is bonn leis, go dtí an tráth a ceapadh na Spriocanna, na Cuspóirí agus na Réimsí Gníomhaíochta ina gcuimsítear cuid mhór tairbhí neamhspleácha agus frithpháirteacha atá le fáil i gcomhthráth le déileáil le riachtanais eacnamaíochta agus le riachtanais phobail, agus le deiseanna eacnamaíochta agus le deiseanna pobail, an Chontae.

5.0 Próiseas Ullmhaithe an Phlean

Tá rannpháirtíocht in ullmhú an PÁEP sainaitheanta mar cheann le na príomhluachanna is buntaca le fíis an phlean agus, chuige sin, tá úsáid bainte as acmhainní suntasacha chun a chinntiú go raibh rannpháirtíocht uilechuimsitheach fhorleathan fhóna ann i dtaca le gach gné den Phlean. In Aguisín 2, dar teideal ‘Rannpháirtíocht; Athbhreithniú Chomhthéacs an Bheartais; Príomhchláir Mhaoiniúcháin’, leagtar amach taifead mionsonraithe faoi gach gné den rannpháirtíocht agus taifeadtar na príomhthorthaí a baineadh amach. I bhFíor 1, taispeántar an t-amlíne a bhain leis an bpróiseas rannpháirtíochta ar cuireadh tús leis i mí Lúnasa 2014 agus a raibh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus Coiste Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall i gceannas air. Ag an gcéim tosaigh den phróiseas, agus trína n-ionadaíocht sna hearnálacha éagsúla, chuaigh na Coistí sin i dteagmháil le grúpaí pobail tábhachtacha agus le heagraíochtaí tábhachtacha i dtaca leis na gnéithe eacnamaíochta agus pobail den chontae. De bhreis air sin, cuireadh in iúl do na húdaráis phoiblí agus do na gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniúchán poiblí agus a chomhlíonann feidhmeanna i ndáil le forbairt eacnamaíochta agus pobail i gContae Dhún na nGall go raibh tús á chur leis an bpróiseas chun an plean a ullmhú agus áirithíodh go mbeidís rannpháirteach sa phróiseas. Is trí fhormaid an Fhócas-Ghrúpa go príomha a tharla rannpháirtíocht na ngníomhaireachtaí.


De bhreis air sin, agus de réir mar atá leagtha amach san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, cuireadh tús le ‘próiseas comhairliúcháin phoiblí’ ar an 11 Lúnasa 2014 trí fhógra a fhoilsiú i nuachtáin áitiúla agus ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall chun a iarraidh ar dhaoine den phobal tuairimí nó aighneachtaí a chur ar fáil i scríbhinn maidir le forbairt an Phlean. San iomlán, fuarthas 100 aighneacht agus, ina measc sin, bhí aighneachtaí i scríbhinn ann ó dhaoine aonair chomh maith le roinnt aighneachtaí a cuireadh ar fáil mar fhreagra ar cheistneoir ar líne. Ullmhaíodh tuairisc faoin bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus cuireadh ar fáil í ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall. In Aguisín 2 den PÁEP, déantar tuilleadh scrúdúcháin ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí chun na Láidreachtaí, na Laigí, na Deiseanna agus na Bagairtí (LLDB/SWOT) a sainathníodh sna haighneachtaí a thaifeadadh agus, chomh maith leis sin, taifeadadh na príomhréimsí a bhí á moladh mar réimsí a ndíreofaí orthu.

I gcomhthráth leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, sainathníodh roinnt fócas-ghrúpaí spriocdhírthe mar ghrúpaí a bhí tábhachtach agus óna lorgófaí rannpháirtíocht shonrach i dtaca le hearnálacha áirithe de. Chuir na fócas-ghrúpaí tús le malairt leanúnach faisnéise, le breithniú a dhéanamh ar an mbonn fianaise, le sainathint saincheisteanna/riachtanas trí anailís LLDB/SWOT a dhéanamh agus trí comhoibriú agus ionchur maidir leis an bplean agus lean an méid sin ar aghaidh ó mhí Lúnasa 2014 go dtí an tráth a foilsíodh an dréacht-PÁEP. Tá taifead iomlán faoi na torthaí leagtha amach in Aguisín 2 den PÁEP. Is iad seo a leanas na fócas-ghrúpaí a chuir ionchur ar fáil don Phlean:

- ✓ An Grúpa maidir le Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta
- ✓ An Chomhghuaillíocht Forbartha Pobail

- ✓ An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta
- ✓ Rúnaíocht an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- ✓ An Grúpa Oibre maidir leis an Straitéis Dhigiteach
- ✓ An Fóram Turasóireachta
- ✓ Gníomhaireachtaí eacnamaíochta
- ✓ An pobal gnó
- ✓ An Bord Oideachais & Oiliúna
- ✓ Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- ✓ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- ✓ Ionadaithe Feirmeoireachta
- ✓ Na Tionscail Chruthaitheachta

Fíor 1: An tAmlíne maidir le Rannpháirtíocht



I gcomhthrath leis sin, d’ullmhaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Plean Corparáideach don tréimhse 2015-2019 chun an treo straitéiseach a leagan amach do na chéad chúig bliana ina dhiaidh sin. Sa Phlean Corparáideach, sainithnítear PÁEP mar ionstraim thábhachtach beartais áitiúil do Dhún na nGall, ar plean é a bheidh mar bhuntaca i ndáil le ról feabhsaithe na Comhairle maidir le forbairt eacnamaíochta agus pobal áitiúil. Ag féachaint don ghaolmhaireacht idir na Pleananna, agus chun comhlántachais a chinntiú, rinneadh na saincheisteanna a ardaíodh maidir leis an bPlean Corparáideach sa chéim chomhairliúcháin a bhreithniú i leith comhghaolmhaireachta agus ábharthachta i gcomhthéacs an PÁEP agus, ar an dóigh sin, cuireadh le breisluch an PÁEP. Tá cur síos ar an gcur chuige comhtháite sin le fáil i dtuairisc ar leithligh dar teideal ‘PÁEP Dhún na nGall agus Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2015-2019’ agus tugtar léiriú air sna 5 théama tosaíochta atá ann sa Phlean Corparáideach, is é sin le rá:

- **Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta:** Forbairt turasóireachta, WAW (Slí an Atlantaigh Fhiáin), Tacaíocht do Ghnóthaí Beaga, rátaí tráchtála, bia, fiontair phobail, iascaireacht, FDI (Infheistíocht Dhíreach Eachtrach), fuinneamh in-athnuaite, an geilleagar glas, leathanbhanda, obair thrasteorann, an Diaspóra.
- **Bonneagar:** Bóithre, leathanbhanda, rochtain d'aer, iarnróid, comharthaíocht, uisce, dramhuisce, iompar, tithíocht, cosáin, clóis súgartha agus páirceanna, taitneamhachtaí áitiúla, foirgnimh, ionaid fóillíochta, sráid-dreacha.
- **Cultúr agus oidhreacht:** Teangacha, éagsúlacht, stair áitiúil, caomhnú, séadchomharthaí, déanmhais lena ngabhann luach stairiúil, oileáin Ghaeltachta, saoráidí cultúir, músaem, leabharlanna, ealaíona, ealaíona pobail.
- **Pobail inbhuanaithe uilechuimsitheacha:** Bailte agus sráidbhailte a athbheochan, pleananna ceantair áitiúil/pleananna baile, bealaí siúil/rothaíochta, taitneamhachtaí, gníomhaíochtaí fisiciúla, rannpháirtíocht, LRP/PPN, daoine óga, daoine scothaosta, daoine leochaileacha, daoine faoi mhíchumas, bia, breosla, maoiniúchán, sábháilteacht, meas ar obair dheonach, meabhairshláinte, rannpháirteachas, forbairt pobail, comhionannas, idirchultúrachas, frithchiníochas/frith-idirdhealú, mí-úsáid drugaí/alcóil, sábháilteacht ar bhóithre.
- **Comhoibriú agus obair chomhpháirtíochta:** Comhoibriú, obair thrasteorann, naisc, mais chriticiúil, tionchar, rialtas áitiúil/réigiúnach/idirnáisiúnta/lárnach, gníomhaireachtaí a mhaoiniú, eagraíochtaí earnála, an Diaspóra, comhoibriú laistigh d'eagraíochtaí.

6.0 An Ráiteas Socheacnamaíochta

In Aguisín 1 & 2 den Plean, leagtar amach an bonn mionsonraithe fianaise ar faoi a forbraíodh na Spriocanna, na Cuspóirí agus na Gníomhaíochtaí agus soláthraítear acmhainn chuimsitheach a chabhróidh leis na comhpháirtithe go léir le linn an Plean a chur i bhfeidhm, a mheasúnú agus a athbhreithniú, agus le linn faireachán a dhéanamh air. Le linn an bonn fianaise a thiomnú, rinneadh cuid mhór oibre agus forbraíodh é trí raon próiseas éagsúil a úsáid. Tá na príomhtheachtaireachtaí a tháinig chun cinn ó gach bonn mionsonraithe fianaise ar leith leagtha amach i ranna 6.1-6.4 faoi na ceanteidil seo a leanas:

1. Próifiliú an Chontae (Aguisín 1)
2. Aschuir an phróisis rannpháirtíochta (Aguisín 2)
3. Athbhreithniú na straitéise agus chomhthéacs an bheartais (Aguisín 2)
4. Próifiliú na bpríomhchlár beartais agus maoiniúcháin (Aguisín 2)

I ngach bonn fianaise ar leith soláthraítear teachtaireachtaí tábhachtacha ach nuair a bhreithnítear gach bonn fianaise le chéile faightear comhbhonn soiléir fianaiseach don ráiteas socheacnamaíochta. Chuige sin, déantar na teachtaireachtaí tábhachtacha a d'éirigh as gach bonn mionsonraithe fianaise ar leith a tharraingt le chéile in anailís ardleibhéil LLDB/SWOT atá leagtha amach sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo.

Láidreachtaí Chontae Dhún na nGall

- Treochtaí dearfacha láidre daonra sa Chontae, lena n-áirítear daonra láidir Tairsí
- Éagsúlacht thíreolaíocht agus shaintréithe an Chontae – Tairseach, réigiún Teorann, Oileáin, Gaeltacht, ceantair thuaithe.
- Lárionaid Forbartha atá sainaitheanta chun 7 bpríomhbhaile a neartú
- Ceantair bheo tuaithe
- Timpeallacht láidir i gcomhair Teicneolaíochta, Taighde & Nuálaíochta (e.g. Páirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt, Forbairt Acadamh Cliniciúil agus Taighde Dhún na nGall, CoLab, M2D2, Lárionad Sheirbhís Eischósta na gCealla Beaga agus an Lárionad Fuinnimh Gaoithe agus Dún na nGall mar Lárionad Sármhaitheasa i réimse na Teicneolaíochta In-Athnuaithe).
- Tionscadail shuntasacha leathanbhanda/clúdach leathanbhanda méadaitheach
- An bonn eacnamaíochta a chur chun cinn
- Feabhsú an bhoinn infheistíochta isteach
- Earnáil láidir fiontar dúchasach
- Earnáil chruthaitheachta atá láidir agus gníomhach
- Líonra soláthróirí bunoidreachais, iar-bhunoideachais, Breisoideachais agus Oiliúna (FET), Foghlama Saoil agus 3ú leibhéal curtha ar bun sa réigiún.
- Earnáil ilghnéitheach mhéadaitheach turasóireachta le tacaíocht ón straitéis maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin (SAF/WAW) agus ó shuímh straitéiseacha turasóireachta
- Sócmhainní contae – Acmhainní nádúrtha, Tírdhreach, Timpeallacht, Oidhreach, Cultúr, Seandálaíocht, Teanga, spóirt agus áineas
- Acmhainn Diaspóra
- Margú/brandáil rathúil (e.g. Cósta an Bhia – Tionscadal Bhia Maith Dhún na nGall, Tabhair Cuairt ar Dhún na nGall, Diaspóra Dhún na nGall, Tairseach Dhún na nGall)
- Caighdeán na beatha
- Caighdeán na timpeallachta
- Méid, cumas agus taithí na hearnála Pobail & Deonáí
- Taithí ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí

Ailíniú straitéise:

Tacaíochtaí agus ailíniú i leith chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012 (arna athrú) agus na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann 2010.

Ina theannta sin, tá ailíniú ann le straitéisí eacnamaíochta, pobail agus earnála, go háirithe maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí an méid seo a leanas:

- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014 *Driving Enterprise, Delivering Jobs, Strategy to 2016*, Fiontraíocht Éireann
- Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014-2017
- Plean Comhtháite Muirí (PCM), ‘Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin’, Iúil 2012
- An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-Athnuaithe Amach ón gCósta, 2014
- Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013-2017
- Straitéis Fháilte Éireann maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025
- Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus DES
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Ag Teach le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Cuideachtaí Forbartha Áitiúla
- Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, 2015, Údarás na Gaeltachta
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019
- Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, 2014-2017
- Plean Oideachais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2011-2015
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015
- Plean Gníomhaíochta Straitéisí don Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall

Na Laigí atá ann i gContae Dhún na nGall

- Tá an rochtain ar bhonneagar bunaithe go formhór ar bhóithre
- Dul chun cinn maidir le tionscadail bhonneagair straitéisigh
- Luaineacht sa ráta malairte
- Leibhéal suntasach díothachta/bochtaineachta sa Chontae
- Bacainní ar rochtain ar sheirbhísí: Iompar, leathanbhanda agus teanga go háirithe.
- Easpa oiliúna maidir le fiontair shóisialta
- Easpa iompair dhóthanaigh tuaithe
- Easnaimh maidir le solúbthacht ó thaobh fuinnimh de agus maidir le malairt fuinnimh
- Leibhéal ard dífhostaíochta agus ráta ard dífhostaíochta i measc daoine óga
- Cóimheas ard aoise is cleithiúnais
- Laghdú ar líon na ndaoine óga sa Chontae
- Réamh-mheastachán maidir le daonra atá ag dul in aois, rud a bheidh ina chúis le dúshlán maidir le cúrsaí déimeagrafaíochta agus seirbhíse
- Leathanbhanda a bheith ar fáil, agus caighdeán an leathanbhanda
- Eisiamh digiteach – an deighilt dhigiteach
- Daonra scaipte tuaithe
- Líon mór bailte beaga rud is cúis le cumas teoranta i leith beogachta agus inmharthanachta
- Teip san earnáil tógála
- Ráta ard folúntas san earnáil chónaithe
- Níl oideachas foirmiúil ag céatadán mór den daonra (16%)
- Cúinsí seachtracha nach bhfuil neart againn orthu
- Córais neamhdhóthanacha uisce agus dramhuisce
- Easpa spásanna fisiciúla cuí le haghaidh seirbhísí agus gníomhaíochtaí i measc na hearnálacha go léir
- Easpa gréasáin rothaíochta ardchaighdeáin
- Easpa srutha comhsheasmhaigh maoiniúcháin d’eagraíochtaí pobail agus easpa tacaíochta airgeadais do FBM-anna (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide)
- Cumas laghdaithe i gcás eagraíochtaí pobail
- Bearnaí sa bhonneagar tacaíochta don táirge turasóireachta/do sholáthar seirbhísí
- Easpa brandála dóthanáí
- Easpa bonneagair mhuirí
- An soláthar oideachais a chur in oiriúint do riachtanais tionscail

Ailíniú straitéise:

Léiríonn na laigí atá sainaitheanta na riachtanais & na tosaíochtaí a sainaitníodh sna creata straitéiseacha go léir a athbhreithníodh, go háirithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014
- Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014-2017
- Plean Comhtháite Muirí (PCM), ‘Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin’, Iúil 2012
- An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta, 2014
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, RCFAN, 2012
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016
- SICAP 2015
- Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil 2006 agus an Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh an Lucht Siúil/na Romach, 2011
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025
- Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus DES
- Plean Forfheidhmiúcháin na Straitéise Náisiúnta Míchumais, 2013
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Plean Éagsúlachta Dhún na nGall, 2011-2013
- Ardán Idirchultúir Dhún na nGall
- Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall don Lucht Siúil
- Seirbhís Óige Dhún na nGall
- Líonra Ban Dhún na nGall
- Ag Teacht le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Plean Réigiúnach Thascfhórsa an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí & Alcól 2011-2014
- Cuideachtaí Forbartha Áitiúla

- Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, 2014-2017
- Plean Oideachais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2011-2015
- Plean Gnómhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015

Na Deiseanna atá ann do Dhún na nGall

- Speisialtóireachtaí Cliste Réigiúnacha: Acmhainní Muirí, fuinnimh in-athnuaite, bia, talmhaíocht, turasóireacht, an earnáil chruthaitheachta
- Cumas na Straitéise Cruthaitheachta 2015 agus Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall 2015 a uasmhéadú
- Leathanbhanda, agus infhaighteacht leathanbhanda, a mhéadú tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda 2015
- Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas oidhreacht fhoirgnithe an Chontae
- Leanúint de gheatabhealach nasctha Leitir Ceanainn-Dhoire a neartú mar thiománaí réigiúnach maidir le fás.
- Lárionaid Forbartha atá sainaitheanta a neartú
- Pobail uirbeacha a athbheochan trí fhoirgnimh fholmha/thréigthe a athúsáid agus a athghiniúint
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt tuilleadh agus comhoibriú a dhéanamh sna hearnálacha go léir, lena n-áirítear comhoibriú trasteorann
- Leas a bhaint as na saintréithe ilchineálacha spásúlachta – an teorainn, an Geatabhealach, na hoileáin, na ceantair thuaithe, an Ghaeltacht
- Soláthar seirbhísí a chomhordú trí phríomhbhailte/mhoil chun an rochtain ar ghrúpaí leochaileacha a uasmhéadú
- Leas a bhaint as na hacmhainní a bhaineann leis na ceantair bheo thuaithe
- Forbairt a dhéanamh ar nuálaíocht i ndáil le forbairt táirgí turasóireachta
- Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Cultúr fiontraíochta an Chontae a fheabhsú
- Uasmhéadú a dhéanamh ar Straitéis Bhia Dhún na nGall
- Uasmhéadú a dhéanamh ar an leibhéal Nuálaíochta, Taighde agus Forbartha san Iarthuaisceart
- Comhordú & comhoibriú a dhéanamh maidir le hinfheistíocht nua, agus infheistíocht atá beartaithe, i mbonneagar uisce & dramhuisce
- Dún na nGall a bhunú tuilleadh mar réigiún foghlama
- Daoine a chumasú & díothacht a laghdú trí oiliúint agus foghlaim mhéadaithe, shaincheaptha & spriocdhírithé
- I nDún na nGall, a bheith mar eiseamláir don timpeallacht nádúrtha.
- Tosaíochtaí turasóireachta: Táirgí, margú & méadú cumais
- Deis maidir le forbairt táirgí turasóireachta: Oidhreacht, cultúr, siúl, rothaíocht, an Ghaeilge, slatiascaireacht, iascaireacht, an earnáil mhuirí, athghiniúint bailte

Ailíniú straitéise:

Tá na deiseanna a sainithníodh i gcomhréir leis na deiseanna & na tosaíochtaí atá ann sna straitéisí eacnamaíochta, pobail & earnála áitiúla, go háirithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Plean Forbartha an Chontae 2012-2018 (arna athrú)
- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil CEDRA, 2014
- Plean Comhtháite Muirí (PCM), ‘Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin’, Iúil 2012, & an Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta, 2014
- Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013-2017
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016
- SICAP 2015
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, RCFAN, 2012
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe
- Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus DES
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Plean Éagsúlachta Dhún na nGall, 2011-2013
- Ardán Idirchultúir Dhún na nGall
- Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall don Lucht Siúil
- Seirbhís Óige Dhún na nGall
- Lónra Ban Dhún na nGall
- Ag Teacht le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Plean Réigiúnach Thascfhórsa an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí & Alcól 2011-2014
- Cuideachtaí Forbartha Áitiúla
- Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, 2015, Údarás na Gaeltachta
- Plean Oidhreacht Chontae Dhún na nGall 2014-2019
- Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, 2014-2017

- Dún na nGall a chur chun cinn mar ‘Dún na nGall Sláintiúil’.
- Feabhas a chur ar chúrsaí sláinte trí shiúl agus trí rothaíocht.
- Nithe nua faoi oidhreacht agus cultúr a fhoghlaim ó dhaonra ilchultúir an Chontae.
- An t-éiceachóras fiontraíochta, lena n-áirítear tacaíochtaí gnó, a chumasú
- Leas a bhaint as acmhainn an Diaspóra ar mhaithe le hinfheistíocht isteach
- Daoine óga: Fiontraíocht a spreagadh ina measc, úsáid STEM a spreagadh, naisc le tionscail a chruthú

- Plean Oideachais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2011-2015
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015
- Plean Gníomhaíochta Straitéisí don Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall

Na Bagairtí atá ann i gContae Dhún na nGall

- Easpa malairtí i leith chultúr an óil ina chúis leis an mbonn a bhaint de chuspóirí an PÁEP e.g. Branda agus Turasóireacht Dhún na nGall
- Ní bhaintear leas cuí as an oidhreacht.
- Tá baol ann go millfear an tírdhreach agus an timpeallacht nádúrtha agus go ndéanfar rófhorbairt orthu
- Tá an bonn eacnamaíochta/an bonn fostaíochta atá ann faoi láthair teoranta
- Imirce – imirce daoine oilte & cailleadh daoine óga
- Tionchar Uisce Éireann ar chur i bhfeidhm chláir bhonneagair, agus chláir bheartaithe, an Chontae maidir le huisce agus dramhuisce
- Spleáchas ar an earnáil phobail agus dheonach, go háirithe oibríthe deonacha, chun rochtain a fháil ar ghrúpaí imeallaithe eisiata.
- Ardleibhéal leantach i dtaca le díothacht agus bochtaineacht de
- An difreálach déimeagrafaíoch idir oirthuaisceart agus oirthear an Chontae agus iarthar agus iardheisceart an Chontae ag dul i méid.
- Cumas laghdaitheach ag bailte mar thoradh ar an treocht maidir le cónaí faoin tuath (cónaíonn 77% den daonra i gceantair thuaithe)
- An bhagairt ar shráid-dreacha stairiúla, ar limistéir phoiblí agus ar ardchaighdeán i mbailte de bharr treochtaí leantacha maidir le foirgnimh fholmha agus thréigthe.
- Bagairt ar an timpeallacht mar thoradh ar an spleáchas ar chóir iompair atá bunaithe ar bhóithre
- Inbhuanaitheacht eagraíochtaí pobail.
- Tuilleadh seirbhísí agus saoráidí, amhail Stáisiúin Gharda, á ndúnadh.
- Leochaileacht iompair tuaithe
- An tionchar a imríonn muirir agus cánacha ar FBM-anna.
- Teorainn le deiseanna maoiniúcháin.
- Cobhsaíocht margaí rialála agus airgeadra ar bhonn idirnáisiúnta
- An tionchar a imríonn luaineacht airgeadra ar earnálacha áirithe amhail an earnáil turasóireachta, agus cumhacht maidir le caitheamh airgid/ioncam indiúscartha

Ailíniú straitéise:

Léiríonn na bagairtí a sainithníodh na bagairtí agus na riachtanais a dtugtar aghaidh orthu sna straitéisí áirithe seo a leanas:

- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014
- *Driving Enterprise, Delivering Jobs, Strategy to 2016*, Fiontraíocht Éireann
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (PGN – Cuimsiú)
- An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2015
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Plean Éagsúlachta Dhún na nGall, 2011-2013
- Ardán Idirchultúir Dhún na nGall
- Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall don Lucht Siúil
- Seirbhís Óige Dhún na nGall
- Lónra Ban Dhún na nGall
- Ag Teach le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, 2015, Údarás na Gaeltachta
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

6.1 Próifiliú an Chontae

Tá próifíl mhionsonraithe an Chontae a d’ullmhaigh Aonad Taighde & Beartais Chomhairle Contae Dhún na nGall leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an bPlean. Soláthraíonn an phróifíl mion-anailís agus tuairisciú faoi na príomhacmhainní staitistiúla agus faoin ngníomhaíocht earnála ar fud an Chontae. Tá na príomhfhórais staitistiúla, agus na príomhtheachtaireachtaí gaolmhara, ar fáil anois ón bpróifíl mhionsonraithe in Aguisín 1 agus tá siad leagtha amach anseo thíos.

6.1.1 Dún na nGall, Áit Uathúil & Nasctha

Tá Dún na nGall suite i Réigiún na Teorann, is é an 4ú Contae is mó é dá bhfuil ann sa Stát agus tá mais talún 4,861 km cearnach ann, nó is ionann a achar agus 6.9% d’achar iomlán an Stáit. Tá an Contae in aige leis an Aigéan Atlantach mórthaibhseach san iardheisceart, san iarthar agus sa taobh ó thuaidh agus tá teorainneacha aige le Contaetha Dhoire, Thír Eoghain, Fhear manach agus Liatroma. Tá an tírdhreach ilchineálach agus drámatúil, agus cuimsíonn sé sléibhte, gleannta agus machairí méithe agus tá cósta ann atá bearnaithe go domhain rud a fhágann go bhfuil lochanna nádúrtha mara, bána agus leithinsí ann, mar aon le cuid mhór oileán áitrithe agus neamháitrithe.

Dún na nGall, Áit Uathúil & Nasctha

Na Príomhfórais Straitéiseacha	An príomhtheachtaireacht
Geatabhealach Leitir Ceanainn-Dhoire – 113,099 nduine, 2011	Mais chriticiúil láidir mar bhuntaca le Geatabhealach Nasctha
Daonra Leitir Ceanainn – méadú 28% (2002-2011)	Daonra mearfháis i nGeatabhealach an Chontae
13 oileán áitrithe sa bhliain 2011	Acmhainn uathúil – cultúr, turasóireacht, bithéagsúlacht, cineálacha eile nideoige maidir le forbairt
Sa bhliain 2011, ba é a bhí i ndaonra Ghaeltacht Dhún na nGall ná 24,744	Acmhainn uathúil – teanga, geilleagar, cultúr
Is ionann fad theorainn Dhún na nGall le Tuaisceart Éireann agus 93% d’fhad iomlán na dtéorainneacha talún atá ag an gcontae	Comhlántachais agus deiseanna trasteorann maidir le comhoibriú – oideachas, sláinte, seirbhísí éigeandála, póilínacht, obair, áineas, miondíol
Daonra scaipthe tuaithe sa Chontae – 33.8 duine/km cearnach i gcomparáid leis an meán sa Stat, is é sin, 67/km c	Ceantair bheo tuaithe Impleachtaí maidir le soláthar seirbhísí agus infheistíocht i mbonneagar Impleachtaí tírdhreacha agus timpeallachta Tá iompar tuaithe riachtanach
Líon mór bailte beaga – sa bhliain 2011, ní raibh ach 9 mbaile ann ina raibh daonra os cionn 1,500 duine	Impleachtaí maidir le soláthar seirbhísí agus infheistíocht i mbonneagar Cumas teoranta maidir le beogacht agus inmharthanacht Saintréithe baile tuaithe atá ann fós – saibhreas

	oidhreacht, cultúr, ailtireacht traidisiúnta, mar aon le carachtar uathúil Dhún na nGall
Sa bhliain 2011, bhí daonra oirthuaisceart & Oirthear an Chontae níos airde ná daonra Iarthar agus Iardheisceart an Chontae	Eiseamláir den ghaolmhaireacht láidir trasteorann Is sna limistéir is ísle daonra atá na bacainní is mó ar sholáthar seirbhísí
Sa bhliain 2011, bhí líon na ndaoine faoi bhun 30 bliain d'aois níos airde san Oirthuaisceart & san Oirthear ná mar a bhí san Iarthar & san Iardheisceart	Impleachtaí spásúlachta maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine óga – tá gá le cur chuige éifeachtúil, inbhuanaithe agus cothrom
Sa bhliain 2011, bhí líon na ndaoine 65 bliana d'aois, agus os a chionn, níos airde san Iarthar & san Iardheisceart ná mar a bhí san Oirthuaisceart & san Oirthear	Impleachtaí spásúlachta maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine scothaosta – tá gá le cur chuige éifeachtúil, inbhuanaithe agus cothrom
Spleáchas ar chóras iompair atá bunaithe ar bhóithre agus ar ghluasteáin príobháideacha	Na príomhbhealaí a chothabháil & a fheabhsú: N13, N14, N15, N56, A5, A6 & an gréasán réigiúnach An soláthar iompair tuaithe a chothabháil & a fheabhsú
I measc na nGeatabhealaí straitéiseacha iompair áirítear aerfort Chathair Dhoire, Aerfort Dún na nGall, Aerfort Chnoc Mhuire, Calafort na gCealla Beaga agus cuanta an Chaisleáin Nua & Ailt an Chorrán	Aerfoirt agus Geatabhealaí muirí a chothabháil & a fheabhsú Tá sé riachtanach go mbeadh nascacht bhóthar-bhunaithe ann le Geatabhealaí straitéiseacha iompair
Sa bhliain 2011, tháinig méadú ar úsáid gluasteán príobháideach agus tháinig laghdú ar úsáid modhanna eile iompair atá níos inbhuanaithe	Impleachtaí timpeallachta Tionscnaimh inmharthana a fhorbairt chun modhanna eile taistil, seachas an gluasteán, a chur ar fáil e.g. bealaí siúil i mbailte Bacainn fhéideartha ar uilechuimsitheacht shóisialta

6.1.2 Ár mBailte a Athchumhachtú

Tá 61 lonnáiocht ann i gContae Dhún na nGall agus tá méid na mbailte sin sa raon ó chorradh le 100 áitritheoir go 20,000 áitritheoir agus tá na lonnáiochtaí sin thar a bheith tábhachtach maidir le beogacht agus fás, de chineál eacnamaíochta agus sóisialta, a choimeád ar bun. Soláthraíonn siad raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna fostaíochta a fheidhmíonn mar spreagthóirí do na ceantair máguaird agus a fhaigheann tacaíocht ó na ceantair sin. Tá sé de chumas ag na bailte ról fíorthábhachtach a bheith acu i ndáil le ceantair mharbhánta de chuid an Chontae ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de a athghiniúint agus beidh tairbhí carnacha ag athghiniúint fhisiciúil den sórt sin ní

amháin do na ceantair thart ar na bailte lena mbaineann ach, freisin, do cheantair iomlána de chuid an Chontae.

Ár mBailte a Athchumhachtú

Na Príomhfhórais Straitéiseacha

Sa bhliain 2011, bhí cónaí ar 54% den daonra i gceantair amuigh faoin tuath agus bhí cónaí ar 46% den daonra in 61 lonnaíocht

An phríomhtheachtairacht

Saintréith den daonra tuaithe

Sa bhliain 2011, bhí cónaí ar 21% den daonra i nGeatabhealach Leitir Ceanainn agus bhí cónaí ar 34% den daonra i 60 lonnaíocht níos lú de chineál scaipthe ó thaobh cúrsaí geografaíochta de

Tá na lonnaíochtaí beaga ina ngréasán tábhachtach ina gcáil mar lárionaid seirbhísí
A mbeogacht agus a n-inmharthanacht a fhorbairt
Gréasán féideartha chun soláthar seirbhísí a éascú

Bhí na deich mbaile ba mhó fás suite gar don teorainn le Doire agus gar do Leitir Ceanainn (2002-2011)

Tá an Geatabhealach nasctha ag tarraingt daoine chuige

Tá fás tagtha ar mhéid an chuid is mó bailte i gCeantar Bardasach na nGleanntach (2002-2011)

Tuilleadh tacaíochta a thabhairt i leith fás breise i mbailte de chuid Iarthar Dhún na nGall

Tá laghdú tagtha ar mhéid an leathchuid de na bailte i gCeantar Bardasach Dhún na nGall (2002-2011)

Deiseanna do thionscnaimh maidir le hathghiniúint spriocdhírthe san iardheisceart

Tháinig fás ar mhéid an chuid is mó bailte i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn (2002-2011)

An fás sa daonra sna bailte i réigiún an Gheatabhealaigh a mheaitseáil le seirbhísí beogachta agus tacaíochta

Tháinig fás ar mhéid na mbailte go léir i gCeantar Bardasach Shrath an Urláir (2002-2011)

Tuilleadh tacaíochta a thabhairt i leith fás breise i gCeantar Bardasach Shrath an Urláir

Tá ráta 8% nó níos mó, ó thaobh foirgnimh fholmha/thrígthe de, ag 22 cheann as 26 bhaile Shraith 1, 2 & 3

Tionscnaimh athghiniúna spriocdhírthe a shainaitint chun lárcheantair na mbailte a chomhdhlúthú agus a athnuachan Foirgnimh fholmha agus foirgnimh nach mbaintear úsáid dhóthanach astu a athúsáid

Sa bhliain 2011, ba é a bhí sa chóimheas aoise is cleithiúnais ná 57.6%

Bailte a athnuachan mar áiteanna tarraingteacha do dhaoine in aois oibre chun cónaí a dhéanamh iontu
Impleachtaí do sholáthar seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine eile trínár ngréasáin bailte

Sa bhliain 2011, tuismitheoirí aonair a bhí i gceannas 35% de na teaghlaigh ar fad sna bailte

Impleachtaí do sholáthar tacaíochtaí & seirbhísí teaghlaigh trínár ngréasán bailte

Sa bhliain 2011, bhí 51% de na daoine faoi mhíchumas a bhí ina gcónaí inár gcuid

Deiseanna chun soláthar seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta a chomhordú le seirbhísí do dhaoine faoi

bailte san aoisghrúpa faoi bhun 15 bliana d’aois nó san aoisghrúpa 65 bliana d’aois nó os a chionn mhíchumas trínár ngréasán bailte

Sa bhliain 2011, ní raibh 42% de na daoine a raibh cónaí orthu i mbailte rannpháirteach san fhórsa saothair

Bailte a athnuachan agus a fheabhsú mar áiteanna tarraingteacha chun cónaí a dhéanamh iontu Fostaíocht áitiúil inbhuanaithe a chumasú i mbailte

Sa bhliain 2011, bhí 28.4% den fhórsa saothair ar fad dífhostaithe agus bhí cónaí orthu i mbailte

Beogacht agus inmharthanacht lárcheantair na mbailte a fheabhsú chun gnóthaí agus fostaíocht inbhuanaithe a tharraingt
Impleachtaí do sholáthar clár oiliúna agus conairí i dtreo fostaíochta trínár ngréasán bailte

Tá 44% de na foirgnimh neamhchónaitheacha suite laistigh de bhailte

Tá meascán seanbhunaithe láidir de ghníomhaíochtaí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha ann inár gcuid bailte Tá bonn daingean ann chun feabhas a chur ar bheogacht, ar éagsúlacht agus ar inmharthanacht i mbailte

6.1.3 Seirbhísí atá Uilechuimsitheach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta de a Sholáthar

Is dúshlán fós iad, i gcomhthéacs Dhún na nGall, an díothacht agus an t-eisiamh sóisialta. Ba é a bhí i Scór Díothachta Coibhneasta Haase Pratschke a tugadh do Dhún na nGall sa bhliain 2011 ná -6.25 rud a d’fhág gurbh é an dara ceantar údaráis áitiúil ba mhó díothacht é sa Stát. Léiríonn anailís ar na táscairí a úsáidtear in Innéacs Haase Pratschke gurb iad na nithe is mó is cúis le scór íseal Dhún na nGall maidir le díothacht ná gnóthachtáil íseal oideachais (26.1%) agus rátaí arda dífhostaíochta i measc fear (31.4%).

Seirbhísí atá Uilechuimsitheach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta de a Sholáthar

Na Príomhfhórais Straitéiseacha

An phríomhtheachtairacht

Scór díothachta contae -6.25 sa bhliain 2011

Tá díothacht shuntasach ann ar fud an Chontae

Tá an ráta díothachta atá ann i dtromlach na gCeantar Bardasach i nDún na nGall níos airde ná an meán náisiúnta

Sa bhliain 2011 bhí na scórtha díothachta sna ceantair thart ar Leitir Ceanainn, Bhun Dobhráin agus ar Loch lascaigh rud beag níos airde ná an meán

Tionchar fheidhmíocht eacnamaíochta Gheatabhealach Leitir Ceanainn

Sa bhliain 2011, bhí 72.6% den daonra ina gcónaí faoin tuath
Is ionann achar Ghaeltacht Dhún na nGall agus 24.5% den daonra Gaeltachta ar fad

Cuimsíonn pobail a mbíonn sé deacair teacht orthu daoine a chónaí faoin tuath, pobail Ghaeltachta agus pobail oileáin
Impleachtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí agus ar iompar tuaithe

sa Stát

13 oileán áitrithe

Is ionann an líon daoine óga agus 23% den daonra – níos airde ná an meán sa Stát sa bhliain 2011

Impleachtaí maidir le líon, cineál agus leibhéal na seirbhísí do dhaoine óga

Sa bhliain 2011, bhí 13.3% den daonra san aoisghrúpa 65 bliana d’aois nó os a chionn

Tá daoine ag maireachtáil níos faide – Beidh mórdhúshláin ann amach anseo i dtaca le nithe a bhaineann le déimeagrafaíocht agus seirbhísí

Sa bhliain 2011, bhí líon níos mó daoine óga ann feadh na haise Thoir Thuaidh
Sa bhliain 2011, bhí líon níos airde daoine scothaosta ina gcónaí sa Iarthar agus san Iarthuaisceart agus i gceantair Ghaeltachta

Impleachtaí spásúlachta maidir le soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta

56.9% atá mar chóimheas aoise is cleithiúnais sa Chontae – an 2ú ráta is airde sa Stát sa bhliain 2011

Tacú le tionscnaimh chun méadú a dhéanamh ar an líon daoine in aois oibre amhail naisc Diaspóra

Gréasán ardleibhéal bonneagair pobail

Cumas maidir le feidhmiú mar mhoil de chineál digiteach, pobail & eacnamaíochta
Impleachtaí maidir le cothabháil caipitiúil agus infheistíocht
Cumas maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun cur le hinbhuanaitheacht

Tógadh 52% de na tithe roimh an mbliain 1992 (sular tugadh isteach na chéad chaighdeáin foirgníochta náisiúnta in Éirinn) (2011)

Sprioc fhéideartha do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta

Ní raibh aon cheangal idirlín ag 34% de na teaghlaigh – i gcomparáid le meán 26% sa Stát

Feabhsúcháin a chur chun cinn maidir le rochtain agus acmhainn i réimse na teicneolaíochta digití
Tionchar an eisiaimh dhigitigh

Líon laghdaitheach daoine ag obair (2012)

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscnaimh chun infheistíocht a mhealladh, tacú le fiontair dhúchasacha agus fostaíocht a chumasú

Fás san fhostaíocht in earnálacha an mhiondíola, na sláinte, an oideachais, na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta (2011)

Díriú ar thacaíochtaí chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar earnálacha atá ag fás

Laghdú ar fhostaíocht san earnáil tógála agus in earnáil na nÓstán agus na mBialann

Impleachtaí ar leith d’fhir sa daonra agus don chuid den scór díothachta a bhaineann le fir
Díriú ar scileanna nua agus scileanna breise a fháil agus ar chonairí i dtreo fostaíochta

Gréasán forleathan oideachais – bunscoileanna, scoileanna iar-bhunoideachais, scoileanna digiteacha, 3ú Leibhéal (ITLC) agus FET (ETB & SOLAS)	Tacú le forbairt leantach na hearnála Tacú le cur chuige comhoibríoch agus cabhrú le cur chuige den sórt sin
Sa bhliain acadúil, Meán Fómhair 2013/2014, bhí 177 scoil ann de chineál bunoidreachais agus oideachais speisialta, agus líon iomlán daltaí 19,073 ar na rollaí (Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna).	Acmhainn mhór oideachais
Cé go bhfuil feabhas tagtha ina leith, tá an % de dhaoine i nDún na nGall nach raibh aon oideachas foirmiúil ná bunoidreachas acu ar an ráta is airde dá bhfuil ann sa tír (2011)	Díriú ar chláir do luathfhágálaithe scoile, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar FET agus ar chonairí i dtreo an oideachais Díriú ar ghrúpaí leochaileacha
Na cáilíochtaí is fearr 3ú leibhéal de réir réimse staidéir – tá eolaíocht, matamaitic & ríomhaireacht sa 3ú háit, chomh maith le hinnealtóireacht, Monaraíocht & Tógáil (2011)	Leanúint de spreagadh a thabhairt i leith clárú le haghaidh STEM
3,300 mac léinn lánaimseartha in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, agus daoine de bhunadh Dhún na nGall is ea 70% díobh sin (Foinse: ITLC).	Bonn láidir oideachais 3ú leibhéal
Gréasán ina bhfuil 13 leabharlann, 11 lárionad ‘Taobh Tíre’, leabharlann shoghluaiste trasteorann (a chlúdaíonn oirthear an Chontae agus oirthear Tuaisceart Éireann) (Foinse: Comhairle Contae Dhún na nGall – Seirbhísí Cultúir).	Acmhainn dhearfach cultúir

6.1.4 Ár dTimpeallacht Tuaithe a Chosaint agus Leas a bhaint aisti

Cuireann timpeallacht Dhún na nGall deiseanna ollmhóra ar fáil maidir le fás agus forbairt i ndáil le cruthú fiontar agus forbairt táirgí turasóireachta agus, ag an am céanna, tá deiseanna ann chun feabhas a chur ar an rochtain ar áiseanna áineasa. Cuireann an acmhainn timpeallachta le ‘Caighdeán na Beatha’ agus rannchuidíonn sí le tarraingteacht Dhún na nGall mar áit chun cónaí a dhéanamh inti. Tá cosaint ár ngnáthóige is tábhachtaí, agus cosaint timpeallachta gan mhilleadh, gan trácht ar chosaint ár n-íomhá glaise, ina gcodanna díse d’fhorbairt bhranda ‘Dhún na nGall’.

Ár dTimpeallacht Tuaithe a Chosaint agus Leas a bhaint aisti

Na Príomhfhórais Straitéiseacha	An phríomhtheachtairacht
Gréasán mór láithreán caomhantais – lena n-áirítear 47 LCS, 25 LfCS, 88	Impleachtaí do chosaint timpeallachta na hacmhainne Acmhainn shuibhir gnáthóg agus bithéagsúlachta – acmhainn mar

láithreán, idir LON & LON beartaithe	eiseamláir thimpeallachta, agus mar áis foghlama agus turasóireachta
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha – ceann amhain de na 6 pháirc náisiúnta atá ann sa chontae	Leanúint den acmhainn thábhachtach de chuid an Chontae a chosaint agus a fhorbairt; timpeallacht, bithéagsúlacht, gnáthóga, oidhreacht fhoirgnithe, oidhreacht, tírdhreach, áille nádúrtha
145 Láithreán Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann – réigiún casta ó thaobh na geolaíochta de	Cumas mar acmhainn turasóireachta agus foghlama
Tírdhreach agus áille nádúrtha – an chúis is mó a bhíonn ag turasóirí chun cuairt a thabhairt ar Dhún na nGall/Shligeach; ‘an timpeallacht nádúrtha’ atá ann mar dhara cúis (Staidéar Turasóirí Fháilte Éireann 2013 – Dún na nGall/Sligeach)	Impleachtaí maidir le cosaint an tírdhreacha ar róforbairt Forbairt a dhéanamh ar dheiseanna a éiríonn as an acmhainn – áineas, sláinte, leas, oideachas, turasóireacht
Cáilíocht mhaith atá ag feabhsú i gcás an docharlaigh – tá stádas ‘maith’, ó thaobh cháilíocht an uisce, ag 40 ceann de na chúltacaí screamhuisce	Tá géarghá le cláir chun bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt tionscnamh nuálach timpeallachta, chun dul i mbun tionscnamh den sórt sin agus chun faireachán a dhéanamh orthu
Bhí 10 gcinn de sholáthairtí uisce phoiblí a fhónann do dhaonra ina bhfuil 35,508 nduine ar Liosta an EPA i gcomhair Gníomhaíocht Feabhais (2013)	Tá gá le hinfheistíocht agus Feabhsúchán Leantach maidir le córais soláthair agus cáilíochta uisce Tá géarghá le comhoibriú le hUisce Éireann agus tá cumas ann maidir le scéimeanna áitiúla i ndáil le scéimeanna a thagann lasmuigh de réim Uisce Éireann
Idir na blianta 2008 agus 2013, ba é a bhí sa ráta maidir le hUisce gan Tásc (UFW) ná 45%	Tá cumas ann maidir le forbairt tionscadal caomhnaithe uisce
Easnamh maidir le cóireáil dramhuisce	Tá gá le hinfheistíocht agus feabhsúchán leantach i ndáil le cóireáil dramhuisce Tá géarghá le comhoibriú le hUisce Éireann agus tá cumas ann maidir le scéimeanna áitiúla i ndáil le scéimeanna a thagann lasmuigh de réim Uisce Éireann
Tá 279.65MW de chumhacht á nginiúint ó 28 bhfeirm ghaoithe i nDún na nGall – is é atá sa ghiniúint iomlán cumhachta gaoithe ná 1,803MW	Comhoibriú a dhéanamh le forbairt an ghréasáin fuinnimh Impleachtaí tírdhreacha
Acmhainn shuntasach fuinnimh toinne	Tacú le cur chun ar aghaidh tionscadal píolótach agus le forbairt leapacha tástála chun teacht chun bheith mar cheannaire domhanda maidir le leas a bhaint as acmhainní aigéin.
Limistéir mhóra foraoiseachta tráchtála agus acmhainn ghaolmhara bithmhaise	Cumas maidir le forbairt acmhainní inbhuanaithe incheannaithe breosla

Taiscéalaíocht ola agus gás amach ón gcósta	Forbairt a dhéanamh ar na Cealla Beaga agus ar aerfort Dhún na nGall mar shaoráidí straitéiseacha seirbhísí cothabhála do ghníomhaíochtaí amach ón gcósta
---	---

6.1.5 Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall

Is iad an fheirmeoireacht, an fhoraoiseacht agus na hiascaigh na trí earnáil thábhachtacha atá ann i nDún na nGall go fóill. Maidir le gnéithe éagsúla d’acmhainn bhia an Chontae, tá féidearthachtaí móra ann i ndáil le héagsúlú feirmeoireachta, i ndáil le cruthú fiontar tuaithe, i ndáil le forbairt na turasóireachta tuaithe agus i ndáil le hinbhuanaitheacht pobal tuaithe. Cuireann an fhoraoiseacht agus na coillte deiseanna móra ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar cheantair inbhuanaithe tuaithe, ós rud é go bhfuil inmharthanacht mhéadaithe feirme ann dá mbarr trí éagsúlú a dhéanamh chuig táirgeadh príomhúil adhmaid agus chuig táirgí breisluacha agus, ag an am céanna, trí chabhair a thabhairt maidir le freastal ar an éileamh ar rochtain ar thaitneamhachtaí tuaithe, ar ghníomhaíochtaí tuaithe agus ar thurasóireacht eachtraíochta. Mar náisiún oileánda, bhí an iascaireacht tábhachtach d’Éirinn i gcónaí, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de, agus tá na Cealla Beaga i measc na gcalafort is tábhachtaí dá bhfuil ann sa tír.

Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall

Na Príomhfhíorais Straitéiseacha	An phríomhtheachtairacht
Tá laghdú 4.9% tagtha ar an líon feirmeacha agus tá na feirmeacha ag dul i méid (2000-2010)	Athruithe ar bhainistíocht, ar thairgeadh agus ar aschur
Sa bhliain 2010, bhí 54% de na sealbhóirí feirme 55 bliana d’aois nó os a chionn	Forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht san earnáil fheirmeoireachta i measc daoine óga
Sa tréimhse 2000-2010, tháinig méadú 10% an an líon daoine a oibríonn ar feirmeacha	Tá oiliúint agus tacaíochtaí gnó riachtanach chun fostaíocht inbhuanaithe san earnáil a chumasú
Bíonn 8 Margadh Feirmeoirí ann sa Chontae (www.bordbia.ie)	Ionad Margaidh do tháirgí úra feirme, garraí agus baile agus d’earraí ceardaíochta Tacaíocht d’fhorbairt agus do mhargú táirgí bia ceardaí Rannchuidiú don táirge turasóireachta
Sa bhliain 2012, ba é a bhí san achar measta iomlán faoi fhoraoiseacht ná 12.25% den achar talún iomlán	Amharc-Thionchar féideartha ar an tírdhreach Cumas ann maidir le spás áineasa Rannchuidiú le feabhsú sláinte agus leasa
Líon suntasach daoine ag gabháil do phlandáil saileach - cumas suntasach ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus timpeallachta de (Fardal Náisiúnta	Forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh nuálacha i ndáil le táirgí breosla inbhuanaithe

Foraoiseachta)	
Roinnt grúpaí gníomhacha úinéirí foraoise - Donegal Woodland Owners agus Inishowen Forestry Owners	Tacú le tuilleadh forbartha ar thionscnaimh chun cabhrú le húinéirí foraoise bainistíocht a dhéanamh ar fhoraoisí agus breisluach a chur lena n-adhmad
Roinnt Foraoisí Pobail	Foraoisí Pobail a chosaint agus a fhorbairt tuilleadh mar shócmhainn thábhachtach i réimsí an áineasa, an oideachais, na sláinte agus an leasa.
Sa bhliain 2013, is trí na Cealla Beaga agus tríd an gCaisleán Nua a tugadh i dtír 62% de na héisc a tugadh i dtír i gcalafoirt na hÉireann	Tionchar náisiúnta i dtionscal iascaigh mhara na hÉireann Suntasach ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de
Na Cealla Beaga – calafort iascaireachta straitéiseach ag a bhfuil tábhacht náisiúnta – sa bhliain 2009, ba é a bhí sa láimhdeachas iomlán sa réimse seo ná thart ar €250 milliún agus 82% den mhéid sin inchurtha i leith na hearnála iascaigh	Cumas maidir le Mol Nuálaíochta chun an acmhainn a fhorbairt tuilleadh agus chun tuilleadh leasa a bhaint aisti Riachtanach chun uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid an bhonneagair piaraí Tá sé ríthábhachtach leanúint de bhreisluach a chur isteach Cumas maidir le poist inbhuanaithe
13 Limistéar Táirgeachta Dobharshaothraithe (2014-2015)	Tá saineolas seanbhunaithe ann cheana féin agus is féidir an earnáil a fhorbairt tuilleadh agus úsáid á baint as sin
Tá 25 eintiteas bia mara, idir tháirgeoirí agus phróiseálaithe, sainaitheanta ag BIM (2015)	Tá taithí ann cheana féin maidir le táirgí ardluacha a tháirgeadh agus is féidir an earnáil a fhorbairt tuilleadh agus úsáid á baint as an taithí sin
Tá líon mór daoine ann i bpobail iascaireachta Dún na nGall ar daoine iad sna haoisghrúpaí 0-19 agus 65+	Impleachtaí do mharthanacht an traidisiúin iascaireachta agus na taithí iascaireachta Impleachtaí don réimse oiliúna agus oideachais
Taighde, Forbairt & Oiliúint seanbhunaithe san earnáil Mhuirí (coláiste oiliúna eischósta san Fhál Carrach, campas ITLC sna Cealla Beaga).	Tá taithí suntasach ann – tuilleadh méadaithe agus forbartha a dhéanamh mar ionad taighde agus nuálaíochta
3,175 ghnó cláraithe chun críoch cánachais (FAME 2013)	Bonn ilchineálach eacnamaíochta
Sa bhliain 2014 bhí 2,765 dhuine fostaithe sna hearnálacha go léir i gCuideachtaí faoi Úinéireacht Choigríche a fhaigheann Cúnamh Gníomhaireachta (Forfás – Táblúchán Speisialta ó Shuirbhéanna Bliantúla ar Fhostaíocht)	Bonn ilchineálach eacnamaíochta
Sa bhliain 2013 bhí 5,089 nduine fostaithe sna hearnálacha go léir i gCuideachtaí faoi Úinéireacht Éireannach a fhaigheann Cúnamh Gníomhaireachta (Foinse: Forfás	

– Suirbhéanna Bliantúla ar Fhostaíocht)

Roinnt scothchuideachtaí a bhfuil cáil dhomhanda orthu agus iad ag oibriú i raon earnálacha, lena n-áirítear Innealtóireacht, Teicneolaíocht Liachta, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Gnó, Teicneolaíocht Ghlan (Foinse: Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall)

6.1.6 Ár nAcmhainn Chultúir a Chur ar Fáil

Is ionann geografaíocht fhisiciúil an Chontae agus timpeallacht nádúrtha uathúil agus tá na hidirghníomhaíochtaí idir an gheografaíocht dhaonna agus an timpeallacht sin tar éis féiniúlacht an-sainiúil a chruthú do Dhún na nGall agus do mhuintir Dhún na nGall. Tá tionchar ar leith imeartha ag tréimhsí agus teagmhais staire, amhail Imeacht na nIarlaí, Plandáil Uladh, an Gorta Mór agus Críochdheighilt na hÉireann, ar Dhún na nGall, ar ár modh smaointeoireachta, ar ár dteanga, ar ár gcaidreamh, ar ár dtraidisiúin agus ar ár slí maireachtála. Tá na tionchair sin le feiceáil inár dtírdhreach síor-athraitheach eacnamaíochta, reiligiúin, sóisialta agus polaitíochta. Is é atá againn sa lá atá inniu ann ná oidhreacht shaibhir cultúir ina n-áirítear na mílte déantán atá ann inár gcuid músaem, ár dtírdhreach drámatúil, ár mbéaloideas agus ár miotaseolaíocht, ár gcuid scríbhinní, ár gcuid saothar mínealaíne, ár gcuid féilte, ár gcuid ceoil, ár gcuid ailtireachta agus ár gcuid damhsaí.

Ár nAcmhainn Chultúir a Chur ar Fáil**Na Príomhfhórais Straitéiseacha**

Gréasán forleathan bonneagair cultúir – 429 saoráid

An phríomhtheachtairacht

Cumas agus inmharthanacht a chothabháil agus a chothú Rochtain a leathnú
Gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus a chomhordú

Tá tuairim is 57,000 duine páirteach i dTionascadal an Diaspóra

Acmhainn thábhachtach don réigiún agus í dírithe ar réimsí an chultúir, na hoidhreachta, na turasóireachta, an ghnó, an oideachais agus na fiontraíochta
Cumas chun naisc a chruthú trína soláthraítear scileanna, taithí, gréasáin agus acmhainní

Féilire bríomhar féilte

Léiriú luachmhar ar chultúr agus ar oidhreacht – Tógtar, agus sainaitnítear, pobail mar thoradh air sin
Rannchuidiú don táirge turasóireachta
Gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus a chomhordú

Suíomh tarraingteach i gcomhair scannán

Comhordú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh trí Oifig Scannán Dhún na nGall

<p>Is teanga bheo í an Ghaeilge – tháinig méadú 4% ar dhaonra na Gaeltachta sa tréimhse 2006-2011</p>	<p>Treocht láidir in airde maidir leis an teanga a chothú Deiseanna foghlama Rannchuidiú don earnáil turasóireachta Plean teanga a fhorbairt do Ghaeltacht Dhún na nGall</p>
<p>Tá an % cainteoirí Gaeilge san aoisghrúpa 10 – 59 i nGaeltacht Dhún na nGall níos ísle ná an figiúr sa Stát ina iomláine (2011)</p>	<p>Impleachtaí maidir le bagairt fhadtéarmach ar chothabháil na teanga – tionscnaimh a fhorbairt chun an teanga a chur chun cinn agus a chomhtháthú tuilleadh</p>
<p>Leitir Ceanainn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta</p>	<p>Mar gheall ar na himpleachtaí maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile gnó a sholáthar i nGaeilge, tá gá le comhordú, oiliúint & cur chun cinn</p>
<p>Daoine de bhunadh áiteanna lasmuigh den Stát is ea iad 22% de dhaonra Dhún na nGall (2011)</p>	<p>Leibhéal láidir éagsúlachta cultúir – rud a chuireann le cultúr Dhún na nGall Impleachtaí maidir le comhtháthú isteach sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus maidir le soláthar seirbhísí</p>
<p>Tá 429 ngrúpa cruthaitheachta, idir ghnóthaí agus chomhlachtaí, ann sa Chontae (Creative Edge Project)</p>	<p>Earnáil bheoga, ilchineálach – cumas maidir le fostaíocht agus rannchuidiú don earnáil turasóireachta</p>
<p>Oidhreacht fhoirgnithe ilchineálach – 375 fhoirgneamh ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta (RPS), circa 3000 déanmhas ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) – 2015</p>	<p>Fianaise ar oidhreacht chultúir Rannchuidiú maidir le cruthú áite Rannchuidiú don earnáil turasóireachta</p>
<p>5 Bhaile Oidhreachta (Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth) - 2015</p>	<p>Comhchruinniú na hacmhainne oidhreachta Cumas maidir le rannchuidiú níos mó don earnáil turasóireachta Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscnaimh chun foirgnimh stairiúla i mBailte Oidhreachta a athúsáid mar rannchuidiú le hathghiniúint agus cruthú áite</p>
<p>Acmhainn shaibhir seandálaíochta – 3129 séadchomhartha, 252 long bháite mar chuid den oidhreacht mhuirí - 2015</p>	<p>Cumas maidir le rannchuidiú níos mó don earnáil turasóireachta</p>

6.1.7 Leas a bhaint as Ár mBuntáiste maidir le Turasóireacht Tuaithe

Tá an líon turasóirí a thugann cuairt ar Dhún na nGall ag méadú de réir ráta comhsheasmhach agus tá roinnt cúiseanna leis sin lena n-airítear bunú agus cur chun cinn Shlí an Atlantaigh Fhiáin, ina gcuimsítear líon áirithe Pointí Aitheantais amhail Sliabh Liag, Teach Solais Fhánada agus Cionn Mhálana, mar aon le Pointí Fionnachtana eile amhail oileáin draíochta, tránna iontacha brataí goirme, galfchúrsaí den scoth, foraoisí pobail agus limistéir phicnice agus sainchomharthaí stairiúla. Táthar tar éis spriocdhírú a dhéanamh ar an táirge turasóireachta agus is teist í sin ar an méid atá ar fáil san earnáil turasóireachta ach cuideoidh tuilleadh tionscnamh agus infheistíochta atá spriocdhírthe ar phobail tuaithe le leas a bhaint as cumas iomlán Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Leas a bhaint as Ár mBuntáiste maidir le Turasóireacht Tuaithe

Na Príomhfhórais Straitéiseacha	An phríomhtheachtairacht
Gréasán forleathan táirgí turasóireachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus ar fud an Chontae	Táirge láidir turasóireachta – díriú ar chomhtháthú, ar chomhordú, ar an táirge a fhorbairt tuilleadh, ar mhargú
Is é ‘Radharcanna/ceantair tuaithe áille’ an chúis is mó go dtugann turasóirí cuairt ar Dhún na nGall/Shligeach (Staidéar Turasóirí Fháilte Éireann 2013 – Dún na nGall/Sligeach)	An acmhainn tírdhreacha agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint ar rófhorbairt
Mol don turasóireacht eachtraíochta agus gníomhaíochta – 13 thrá bhrataí goirme, gníomhaíochtaí eachtraíochta agus spóirt uisce, surfáil, galf, slatiascaireacht, rianta siúil, saoráidí spóirt agus áineasa, páirceanna agus limistéir súgartha, 2015	Tá méadú ag teacht ar earnáil na turasóireachta eachtraíochta agus gníomhaíochta – leanúint de ghníomhaíochtaí a chomhordú agus a chur chun cinn
Sa bhliain 2013, chaith cuairteoirí as áiteanna thar lear thart ar €25 mhilliún ar bhia agus ar dheochanna sa Chontae	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil trí Straitéis Bhia Dhún na nGall agus trí Chósta an Bhia Deiseanna do phobail tuaithe chun éagsúlú a dhéanamh agus breisluach a chur ar fáil lasmuigh den táirgeadh príomhúil talmhaíochta agus iascaireachta
Earnáil ilchineálach turasóireachta cultúir – cuimsíonn sí cleachtóirí, saoráidí agus seirbhísí cultúir agus ealaíon, ainmniúcháin oidhreachta nádúrtha, oidhrecht seandálaíochta agus oidhrecht fhoirgnithe (RPS & NIAH)	Earnáil bheoga turasóireachta cultúir Forbairt a dhéanamh ar thacaíochtaí chun inbhuanaitheacht a chinntiú agus chun cur le cumas
Taisteal turasóirí bunaithe go formhór ar bhóithre – 74% i ngluaisteáin phríobháideacha, 15% i gcóistí príobháideacha (Staidéar Turasóirí Fháilte Éireann 2013 – Dún na nGall/Sligeach)	Tá gá le hinfheistíocht i raon saoráidí riachtanacha – leithris phoiblí, limistéir phicnice agus ionaid amhairc, saoráidí do veaineanna campála, bonneagar bóithre

Tá 3,750 aonad cóiríochta (atá ceadaithe ag Fáilte Éireann) ann feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus iad suite gar do na príomhlonnaíochtaí (2015) Cumas chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar thuilleadh cóiríochta trí éagsúlú sa réimse feirmeoireachta

Cuirtear 69% de na haonaid chóiríochta ar fad ar fáil trí earnáil na n-óstán (2015) Deis fostaíochta do phobail tuaithe chun an bhearna a líonadh e.g. méaduithe beagscála, an talamh atá ar fáil a úsáid do champáil agus do charbháin

6.2 Aschur an phróisis rannpháirtíochta

Mar atá luaite i Roinn 5.0, le linn an plean a ullmhú chuathas i mbun comhairliúchán le dreamanna éagsúla (tá taifead mionsonraithe ar na comhairliúcháin leagtha amach in Aguisín 2, 'Rannpháirtíocht; Athbhreithniú Chomhthéacs an Bheartais; Príomhchláir Mhaoiniúcháin'):

- Comhairliúchán poiblí
- Comhairliúchán leis an earnáil Phobail & Dheonach
- Comhairliúchán leis an earnáil eacnamaíochta
- Fócas-Ghrúpaí

Tá na Láidreachtaí, na Laigí, na Deiseanna agus na Bagairtí ar fad a sainithníodh sa phróiseas comhairliúcháin leagtha amach i dtábla 1.

Tábla 1: L.L.D.B. a d'éirigh as an bPróiseas Rannpháirtíochta

<p>LÁIDREACHTAÍ</p> <p><u>Sócmhainní an Chontae</u> Acmhainní nádúrtha, Tírdhreach, Timpeallacht, Oidhreacht, Cultúr, Seandálaíocht, Teanga</p> <p><u>Cúrsaí Eacnamaíochta</u> Earnáil láidir turasóireachta Earnáil láidir cruthaitheachta Straitéis maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin Bonn eacnamaíochta atá ann cheana féin Acmhainn Diaspóra</p> <p><u>Cúrsaí Pobail</u> Straitéis 'Éire Shláintiúil' Caighdeán na beatha Caighdeán na timpeallachta Méid, cumas agus taithí na hearnála Pobail & Deonáí</p> <p><u>Cúrsaí Spásúlachta</u> Geatabhealach Leitir Ceanainn - Dhoire Gaeltacht Dhún na nGall Lárionaid Forbartha (Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, Gaoth Dobhair</p>	<p>LAIGÍ</p> <p><u>Cúrsaí Eacnamaíochta & Pobail</u> Leathanbhanda a bheith ar fáil, agus caighdeán an leathanbhanda Eisiamh digiteach – an deighilt dhigiteach Dul chun cinn maidir le tionscadail bhonneagair straitéisigh Cúinsí seachtracha nach bhfuil neart againn orthu Córais neamhdhóthanacha uisce agus dramhuisce Easpa spásanna fisiciúla cuí le haghaidh seirbhísí agus gníomhaíochtaí i measc na hearnálacha go léir Easpa gréasáin rothaíochta ardchaighdeán</p> <p><u>Cúrsaí Pobail</u> Bacainní ar rochtain ar sheirbhísí: Iompar, leathanbhanda agus teanga go háirithe. Easpa oiliúna maidir le fiontair shóisialta Easpa srutha chomhsheasmhaigh maoiniúcháin Cumas laghdaithe i gcás eagraíochtaí pobail Easpa iompair dhóthanaigh tuaithe</p> <p><u>Cúrsaí Eacnamaíochta</u> An soláthar oideachais a chur in oiriúint do riachtanais tionscail Bearnaí sa bhonneagar tacaíochta don táirge</p>
--	---

<p>agus na Cealla Beaga). Suímh straitéiseacha turasóireachta</p>	<p>turasóireachta/do sholáthar seirbhísí Easpa brandála dóthanaí Suíomh geografach san Iarthuaisceart Easpa tacaíochtaí airgeadais do FBM-anna Easpa bonneagair mhuirí Easpa fostaíochta & leibhéal ard dífhostaíochta i measc daoine óga</p>
<p>DEISEANNA <u>Cúrsaí Eacnamaíochta & Pobail</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - I nDún na nGall, a bheith mar eiseamláir don timpeallacht nádúrtha. - Tuilleadh deiseanna chun oibriú i gcomhpháirtíochtaí agus chun comhoibriú leis na hearnálacha go léir. Daoine a chumasú trí níos mó deiseanna oiliúna agus foghlama a a chur ar fáil. - Moil áitiúla seirbhíse a chruthú - Comhoibriú maidir le cúrsaí oideachais - Suímh deiseanna straitéiseacha sainaitheanta mar a leanas: Lárionaid Forbartha, suímh straitéiseacha turasóireachta, moil turasóireachta <p><u>Cúrsaí Pobail</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - Dún na nGall a chur chun cinn mar ‘Dún na nGall Sláintiúil’. - Feabhas a chur ar chúrsaí sláinte trí shiúl agus trí rothaíocht. - Nithe nua faoi oidhreacht agus cultúr a fhoghlaim ó dhaonra ilchultúir an Chontae. - Daoine a chumasú trí oideachas saincheaptha - Acmhainní a thabhairt do phobail trí thobhach forbartha ar fheirmeacha gaoithe <p><u>Cúrsaí Eacnamaíochta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - Speisialtóireachtaí Cliste Réigiúnacha: Acmhainní Muirí, fuinnimh in-athnuaite, bia, talmhaíocht, turasóireacht, an earnáil chruthaitheachta - Tosaíochtaí turasóireachta: Táirgí, margú & méadú cumais - Deis maidir le forbairt táirgí turasóireachta: Oidhreacht, cultúr, siúl, rothaíocht, an Ghaeilge, slatiascaireacht, iascaireacht, an earnáil mhuirí, athghiniúint bailte - An t-éiceachóras fiontraíochta, lena n-áirítear tacaíochtaí gnó, a chumasú - Leas a bhaint as acmhainn an Diaspóra ar mhaithe le hinfheistíocht isteach - Daoine óga: Fiontraíocht a spreagadh ina measc, úsáid STEM a spreagadh, naisc le tionscail a chruthú 	<p>BAGAIRTÍ <u>Cúrsaí Eacnamaíochta & Pobail</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - Easpa malairtí i leith chultúr an óil ina chúis leis an mbonn a bhaint de chuspóirí an PÁEP e.g. Branda agus Turasóireacht Dhún na nGall - Ní bhaintear leas cuí as an oidhreacht. - Tá baol ann go millfear an tírdhreach agus an timpeallacht nádúrtha agus go ndéanfar rófhorbairt orthu - Tá an bonn eacnamaíochta/an bonn fostaíochta atá ann faoi láthair teoranta - Imirce – imirce daoine oilte & cailleadh daoine óga - Tionchar Uisce Éireann ar chur i bhfeidhm chláir bhonneagair, agus chláir bheartaithe, an Chontae maidir le huisce agus dramhuisce <p><u>Cúrsaí Pobail</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - Spleáchas ar an earnáil phobail agus dheonach, go háirithe oibrithe deonacha, chun rochtain a fháil ar ghrúpaí imeallaithe eisiata. - Inbhuanaitheacht eagraíochtaí pobail. - Tuilleadh seirbhísí agus saoráidí, amhail Stáisiún Gharda, á ndúnadh. - Leochaileacht iompair tuaithe <p><u>Cúrsaí Eacnamaíochta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - An tionchar a imríonn muirir agus cánacha ar FBM-anna. - Teorainn le deiseanna maoiniúcháin.

6.3 Athbhreithniú na straitéise agus chomhthéacs an bheartais

In Aguisín 2, dar teideal ‘Rannpháirtíocht; Athbhreithniú Chomhthéacs an Bheartais; Príomhchláir Mhaoiniúcháin’, leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar na gnéithe iomchuí den Straitéis agus de Chomhthéacs an Bheartais, agus is dá réir sin a ullmhaíodh an PÁEP agus a chuirfear i bhfeidhm é. San athbhreithniú mionsonraithe, déantar cur síos ar na gnéithe ardleibhéil den straitéis/bheartas iomchuí, soláthraítear faisnéis i dtaobh conas a chuaigh an straitéis/beartas i gcion ar an PÁEP, i dtéarmaí comhsheasmhachta agus comhtháthaithe, agus sainaithnítear roinnt cuspóirí ar leith de chuid an PÁEP a bhaineann go sonrach leis an straitéis/mbeartas. Baineann na straitéisí spásúlachta go háirithe leis an gcomhthéacs ar dá réir a thaispeántar comhsheasmhacht an PÁEP leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Ceantar na Teorann, 2010, agus le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna athrú) ós rud é gurb iad sin na creata reachtúla ina leagtar síos an comhthéacs maidir le forbairt sa Chontae. I dTábla 2, déantar scóipeáil ar na straitéisí iomchuí a athbhreithníodh in Aguisín 2 den Phlean i gceithre réimse, is é sin le rá:

- Na Straitéisí maidir le Pleanáil & Forbairt Spásúlachta;
- Na Straitéisí Eacnamaíochta
- Na Straitéisí Pobail;
- Na Straitéisí Earnála Áitiúla agus Eagraíochtaí Earnála

Tábla 2: Scóip na Straitéisí agus Chomhthéacs an Bheartais

Na Straitéisí maidir le Pleanáil & Forbairt Spásúlachta

- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020
- Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, 2010
- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna athrú)
- An Straitéis – Straitéis Dhún na nGall maidir le Forbairt Shóisialta, Cultúir agus Eacnamaíochta 2012-2018
- Pleananna Forbartha Baile do Leitir Ceanainn, do Bhun Cranncha & do Bhun Dobhráin
- Innéacs na nGeatabhealaí agus na Mol Forbartha (GHDI) 2012
- Lárionaid Forbartha/Moil

Na Straitéisí Eacnamaíochta

- Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach – Tús Áite do na Daoine, RCPRÁ, 2012
- Foirgníocht 2020
- Making it Happen- Growing Enterprise for Ireland, Forfás, 2010
- Tuarascáil an OECD (Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíochta - LEED) ar Fhorbairt Áitiúil a chur i bhfeidhm, 2014
- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014
- GFT Éireann, Infheistiúocht Choigríche Dhíreach a Ghnóthú 2015-2019
- Driving Enterprise, Delivering Jobs, Strategy to 2016, Fiontraíocht Éireann
- Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014-2017
- Plean Comhtháite Muirí (PCM), ‘Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin’, Iúil 2012
- An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta, 2014
- Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013-2017
- Delivering on Green Potential – Ráiteas faoi Bheartas an Rialtais maidir le fás agus fostaíocht sa Gheilleagar Glas, 2012
- Developing a Green Enterprise, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, 2011
- EirGrid, Your Grid, Your Views, Your Tomorrow, Plé-Pháipéar faoi Straitéis na hÉireann maidir le Forbairt na hEangaí,

2015

- Fáilte Éireann
- Plean Gníomhaíochta do Phoist i Réigiún na Teorann
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012

Na Straitéisí Pobail

- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2012
- Tuarascáil an OECD (Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíochta - LEED) ar Fhorbairt Áitiúil a chur i bhfeidhm
- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014
- Forbairt na gCeantar Tuaithe (CEDRA) (2014)
- Plean maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, Go Maith don Ghnó, Go Maith don Phobal 2014-2016
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (PGN – Cuimsiú)
- An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2015
- Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil 2006 agus an Straitéis Náisiúnta maidir le hlmeascadh an Lucht Siúil/na Romach, 2011
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanáí & Daoine Óga 2014-2020
- Seirbhís Sláinte Ardchaighdeáin a Thógáil d'Éirinn Níos Sláintiúla, Plean Corparáideach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2015-2017
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025
- Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus an Roinn Oideachais & Scileanna
- Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2013-2018
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012
- Plean Forfheidhmiúcháin na Straitéise Náisiúnta Míchumais, 2013

Na Straitéisí Earnála Áitiúla agus Eagraíochtaí Earnála


- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2015-2019
- The One Plan for Derry- Londonderry
- Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt
- Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt (NWRCBG)
- Irish Central Border Area Network (ICBAN)
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Plean Éagsúlachta Dhún na nGall, 2011-2013
- Ardán Idirchultúir Dhún na nGall
- Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall don Lucht Siúil
- Seirbhís Óige Dhún na nGall
- Lónra Ban Dhún na nGall
- Ag Teacht le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Plean Réigiúnach Thascfhórsa an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí & Alcól 2011-2014
- Cuideachtaí Forbartha Áitiúla
- Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, 2015, Údarás na Gaeltachta
- Plean Straitéiseach Aonad Limistéar Gnó Choillte san Iarthuaisceart 2011-2015
- Plean Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall 2010-2015, Comhairle Contae Dhún na nGall
- Plean Oidhreacht Chontae Dhún na nGall 2014-2019, Fóram Oidhreacht Chontae Dhún na nGall
- Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, 2014-2017
- Plean Oideachais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2011-2015
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015
- Plean Gníomhaíochta Straitéisí don Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall

6.3.1 Na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, 2010

Sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha aithnítear gurb iad na daoine an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag an réigiún agus, dá bhrí sin, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha. Ar Léarscáil 1 a fuarthas ó na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha, taispeántar an straitéis lonnaithe do réigiún na Teorann agus léirítear na príomhspricanna straitéiseacha á rá gurb é forbairt Leitir Ceanainn a bheidh mar spreagthóir straitéiseach an fhás sa chontae; chun forbairt inbhuanaithe chomhtháite idir ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe a éascú; chun feabhas a chur ar nascacht agus ar naisc shoghluaisteachta; chun nualaíocht, fás eacnamaíochta agus iomaíochas a chur chun cinn; chun earnálacha atá ag teacht chun cinn sa réimse soláthair post inbhuanaithe post a éascú; agus chun caighdeán na timpeallachta nádúrtha agus na hoidhreachta foirgnithe a chosaint agus a fheabhsú. Sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha, saináithnítear Croístraitéis don Réigiún ar dá réir a shocraítear go mbeidh an creat fáis daonra do gach údarás áitiúil ina chuid den Phlean Forbartha iomchuí. Baineann an PÁEP leas suntasach as straitéis na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha agus saináithnítear an tábhacht eacnamaíochta a bhaineann le fás an Gheatabhealaigh agus neartú bhailte Shraith 2/Lárionad Forbartha, agus aird á tabhairt go háirithe do réimsí amhail taighde agus nualaíocht agus an geilleagar digiteach. I gcomhthráth leis sin, agus chun tairbhe a bhaint as láidreachtaí agus as deiseanna an Chontae mar gheilleagar tuaithe go formhór, díríonn an PÁEP ar fhás eacnamaíochta agus ar iomaíochas amach anseo i réimse na hEacnamaíochta Tuaithe, agus aird á tabhairt, i ngach ceann de Spricanna an Phlean, ar réimsí éagsúla lena n-áirítear turasóireacht, cultúr, oidhreacht, acmhainní nádúrtha agus agraibhia.

Léarscáil 1: Straitéis Spásúlachta na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha (TPR-anna).

(Foinse: TPR-anna 2010- 2022 do réigiún na Teorann)



6.3.2 Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna athrú)


I bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018, soláthraítear Croístraitéis agus ordlathas lonnaíochta don Chontae, ar ordlathas é ina bhfuil 5 leibhéal agus a dhíríonn ar Gheatabhealach Leitir Ceanainn-Dhoire agus, chomh maith leis sin, ar na bailte straitéiseacha (Bun Cranncha, Carn Domhnach, Ceann an Droichid, Bealach Féich/Srath an Urláir, baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, na Cealla Beaga agus an Clochán Liath). Sa Chroístraitéis, aithnítear an tábhacht atá ag ceantar tuaithe Dhún na nGall agus aithnítear an méid fáis is ceart a bheith ann ansin amach anseo. Sa Phlean Forbartha Contae leagtar béim ar an ngá le cur chuige comhordaithe, pleanáilte agus comhleanúnach i leith infheistíochta agus le forbairt nua chun rannchuidiú le téarnamh an gheilleagair náisiúnta agus réigiúnach agus le feabhas a chur ar tháscairí a bhaineann le caighdeán na beatha, amhail rochtain ar sheirbhísí. Go háirithe, sainaitníodh na réimsí seo a leanas mar réimsí tábhachtacha beartais i ndáil le forbairt:

- Infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht sna réimsí seo a leanas: forbairt fuinnimh in-athnuaite, seirbhísí atá bunaithe ar eolas, an earnáil agraibhia & táirgí timpeallachta.
- Múnlaí inbhuanaithe eacnamaíochta a fhorbairt.
- Comhoibriú trasteorann a neartú.
- Cumas teicneolaíochta agus digiteach a uasmhéadú.
- Na Cealla Beaga a fhorbairt mar Lárionad Sármhaitheasa i ndáil le Fuinneamh In-Athnuaite.
- Comhoibriú oideachais a fhorbairt.
- Pobail bheoga, inbhuanaithe a fhorbairt chun uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chinntiú.
- Cur chuige comhordaithe a éascú i ndáil le bonneagar agus seirbhísí sóisialta, pobail agus cultúir.
- Cumas an gheilleagair tuaithe a fhorbairt.
- Nithe a bhaineann le cúrsaí timpeallachta a chomhtháthú isteach sa phróiseas cinnteoireachta.
- Deiseanna inbhuanaithe turasóireachta a fhorbairt.
- A chinntiú go ndéanfar forbairt ar rochtain straitéiseach ar an gContae

Tá an PÁEP i gcomhréir leis an gcreat pleanála spásúlachta atá leagtha amach i gCroístraitéis an Phlean Forbartha Contae 2012-2018 a mhéid a bhaineann leis an ordlathas lonnaíochta a socraíodh trí shainnithint an Ghealabhealaigh nasctha le tacaíocht ó bhailte Shraith 2/Lárionaid Forbartha. Tacaíonn cuspóirí suntasacha an PÁEP, agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo, le cur i bhfeidhm an ordlathais. Ina theannta sin, aithníonn an PÁEP cumas cheantair thuaithe an Chontae maidir le rannchuidiú le cultúr, leis an bpobal agus leis an ngeilleagar agus, dá bhrí sin, díritear ar cheantair thuaithe agus ar cheantair a mbíonn sé deacair teacht orthu, ar leithlisiú, ar chumhacht an leathanbhanda agus ar acmhainní saineolaíoch tuaithe lena ngabhann cumas, má úsáidtear i gceart iad, chun torthaí suntasacha agus fás inbhuanaithe eacnamaíochta a bhaint amach.

Is é is cuspóir do shainathint 7 Lárionad Forbartha/Mol sa Chontae ná réimsí cumais a shainathint inar féidir forbairt eacnamaíochta a chur ar aghaidh trí Phleananna Gníomhaíochta comhtháite, is é sin le rá, ceann amháin i leith gach Lárionaid Forbartha ar leith. Tá comhthéacs spásúlachta an chur chuige sin ar taispeáint ar Léarscáil 2. Chun an obair seo a dhéanamh, tá gá le cur chuige comhordaithe comhtháite a mbeidh na geallsealbhóirí go léir ó earnálacha éagsúil (an phobal, an earnáil phríobháideach, an earnáil phoiblí agus gníomhaireachtaí) rannpháirteach ann. Tá úinéireacht chomhroinnt na hoibre seo an-tábhachtach agus áiríonn an obair céim fhorfheidhmiúcháin gníomhartha atá sainaitheanta.

Léarscáil 2: Comhthéacs Spásúlachta na Lárionad Forbartha



Go formhór, léiríonn na Lárionaid (a bhfuil na réimsí a ndíríonn siad orthu liostaithe thíos) a sainathníodh 'Bailte Straitéiseacha Tacaíochta' Shraith 2 atá sainaitheanta i bPlean Forbartha an Chontae 2012-2018 (arna athrú):

- Bun Dobhráin – Turasóireacht Mhuirí
- Béal Átha Seanaidh – Oidhreacht Chultúir & Fiontraíocht
- Baile Dhún na nGall – Béim ar Thurasóireacht
- Bealach Féich/Srath an Urláir – Téama Spóirt
- Bun Cranncha/Carn Domhnach - Turasóireacht
- Gaoth Dobhair – Forbairt Ghnó
- Na Cealla Beaga – Mol Nuálaíochta d’Acmhainní Muirí lena n-áirítear Bia, Turasóireacht agus Fuinneamh Aigéin

6.3.3 An Straitéis – Straitéis Dhún na nGall maidir le Forbairt Shóisialta, Cultúir agus Eacnamaíochta 2012-2014

Mar straitéis chomhtháite d'fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir an Chontae, tá an Straitéis tar éis spreagadh agus comhthéacs a chur ar fáil i leith raon tionscadal nuálach agus i leith shainathint agus mheasúnú maoiniúcháin nua agus maoiniúcháin breise don réigiún, agus i leith rochtain a fháil ar mhaoiniúchán den sórt sin. Díríodh na 6 Sprioc ar rochtain ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí; ar fhorbairt na hacmhainne cultúir; ar fhorbairt fiontar agus scileanna a chur chun cinn; ar Bhrandáil Dhún na nGall; ar thurasóireacht; agus ar an ngeilleagar glas. Maidir le dúshraith láidir na gclár agus na ngníomhaíochtaí atá curtha ar bun tríd an Straitéis a chur i bhfeidhm, tá léiriú le fáil uirthi i leanúnachas straitéis eacnamaíochta agus pobail an Chontae atá ann anois mar chuid den Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail. Tá an PÁEP bunaithe ar rath na Straitéise, i ndáil le gnóthachtálacha an-inláimhsithe agus an-sofheicthe atá bainte amach, agus, freisin, i ndáil leis an timpeallacht chomhoibríoch agus chomhpháirtíochta atá ann go tréan sa Chontae.

6.3.4 Comhthéacs Straitéisí/Beartas Eile

I dtaca le straitéisí eile, de chineál Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil, a athbhreithníodh mar chuid den chomhthéacs don PÁEP, tá siad i gcomhréir go mór le saincheistanna agus le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn i nDún na nGall, rud a léiríonn go bhfuil an Plean i gcomhréir le tosaíochtaí Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Go háirithe, léiríonn an t-athbhreithniú ar bheartas béim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúil ar na nithe seo a leanas:

- Oideachas, oiliúint, forbairt scileanna
- Éiceachóras dearfach fiontraíochta agus gnó a chruthú
- Cumas maidir le forbairt eacnamaíochta tuaithe agus ról bailte tuaithe
- An Ghaeltacht a fhorbairt agus an Ghaeilge a chosaint
- An gá le pobail inbhuanaithe
- Béim leantach ar uilechuimsitheacht shóisialta grúpaí tábhachtacha lena n-áirítear leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, mná, pobal an Lucht Siúil agus an Pobal Romach, mionlaigh eitneacha, daoine faoi mhíchumas, daoine faoi mhíbhuntáiste/imeallaithe
- Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha, ar chúrsaí sláinte agus ar chúrsaí leasa
- Riachtanais na bpríomhearnálacha fáis, lena n-áirítear talmhaíocht agus bia, foraoiseacht, iascaireacht, an geilleagar glas, turasóireacht, taighde agus nuálaíocht
- Na bunphrionsabail a bhaineann le comhoibriú lena n-áirítear comhoibriú sa chomhthéacs áitiúil trasteorann agus ról an leathanbhanda agus na teicneolaíochta digití mar bhonneagar straitéiseach cumasúcháin

6.4 Na Príomhchláir Bheartais agus Mhaoiniúcháin

Tá léiriú ar chreata uileghabhálacha beartais agus maoiniúcháin ar an leibhéal Eorpach le fáil in Eoraip 2020 agus sna creata agus sna cláir ilbhliantúla airgeadais don tréimhse 2014-2020. Beidh an cumas chun maoiniúchán seachtrach a uasmhéadú, agus a mhealladh chuig an gContae, agus chuig an réigiún i gcoitinne, thar a bheith tábhachtach le linn tacú leis an PÁEP agus le linn an PÁEP a chur i bhfeidhm. Tá próifíl níos mionsonraithe de na príomhbheartais agus de na príomhchláir mhaoiniúcháin le fáil in Aguisín 2 a ghabhann leis an bPlean. Go hachomair, áirítear na réimsí seo a leanas sna tosaíochtaí maoiniúcháin atá ag teacht chun cinn:

- Fostaíocht
- Nuálaíocht, taighde agus forbairt
- Iomaíochas/cumas
- Aeráid/éifeachtúlacht fuinnimh/fuinneamh in-athnuaite
- Timpeallacht/bithéagsúlacht/éifeachtúlacht acmhainní
- Oideachas
- Uilechuimsitheacht shóisialta & laghdú bochtaineachta
- Iompar inbhuanaithe
- Sláinte
- Pobail a chur ar bun/cumas a chur ar bun
- Spásanna agus seirbhísí comhroinnte
- Oidhreacht chultúr agus nádúrtha
- Forbairt tuaithe

7.0 Na Spriocanna Tosaíochta – An Ghné Chomhtháite den Phlean

Forbraíodh Spriocanna an Phlean tríd an bpróiseas comhairliúcháin a bhí ann agus tríd an anailís a rinneadh ar an bPróifíl Shocheacnamaíoch. Spriocanna leathana atá ann agus baineann gach ceann acu, ar bhealaí éagsúla, leis na riachtanais eacnamaíochta agus leis na riachtanais phobail atá ann sa Chontae. Is eiseamláir é sin de na hidirghaolmhaireachtaí agus den idirspleáchas idir cláir oibre agus den tábhacht a bhaineann le ceangal a dhéanamh idir cláir agus réimsí oibre a measadh na leith, roimhe seo, gur nithe eacnamaíochta amháin, nó gur nithe pobail amháin, a bhí iontu. Dá bhrí sin, tá na Spriocanna á sainaithint mar an ghné chomhtháite den Phlean agus is dá réir a léirítear na gnéithe eacnamaíochta agus na gnéithe pobail den phlean agus is astu a eascraíonn na gnéithe sin.

Is iad seo a leanas na 7 Sprioc Thosaíochta de chuid an PÁEP:

1. Dún na nGall a Fhorbairt mar **Áit Nasctha**

2. Leas a Bhaint as **Caipiteal Nádurtha agus Daonna** Dhún na nGall

3. Meas a thabhairt ar ár **nAcmhainn Chultúir agus Chruthaitheachta**, agus í a Chothú agus a Fhorbairt

4. **Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Sláintiúil** a Chur Chun Cinn

5. Dún na nGall a Fhorbairt mar Réigiún Ceannasach i réimsí **na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta**


6. **Branda ‘Dún na nGall’** a Fhorbairt

7. **Fiontraíocht, Infheistíocht agus Fiontair** a Chur Chun Cinn

8.0 Na Cuspóirí Ardleibhéil a ghabhann le Gach Sprioc ar leith

Ag éirí as gach Sprioc ar leith, tá sraith cuspóirí ardleibhéil ann atá ceaptha chun torthaí a bhaint amach i leith gach Sprice agus chun freastal ar na réimsí ar leith riachtanais tosaíochta atá sanaitheanta. I gcomhréir le cineál comhtháite na Spriocanna, mar thoradh ar líon suntasach de na cuspóirí a éiríonn as na spriocanna, beidh gníomhartha déchuspóra ann a sholáthróidh tairbhe chothrom chomhthráthach de chineál eacnamaíochta agus pobail. Idir an dá linn, beidh tairbhe níos spriocdhírithé ag roinnt cuspóirí eile agus beidh siad sin le feiceáil sna gnéithe eacnamaíochta nó sna gnéithe pobail den phlean. Tá léiriú le fáil i bhFíor 2 ar chineál comhtháite PÁEP Dhún na nGall.

Fíor 2: Cineál Comhtháite PÁEP Dhún na nGall



8.1 Cuspóirí ardleibhéal Sprioc 1

Sprioc 1: Dún na nGall a Fhorbairt mar Áit Nasctha		
1.1.	Nasctha go digiteach	Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn go hiomlán mar Chontae atá Nasctha go digiteach
1.2.	Uilechuimsitheacht dhigiteach	Rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach a fheabhsú chun uilechuimsiú Dhún na nGall a chinntiú, chun leithlisiú agus eisiámh sóisialta a laghdú, chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus chun a chinntiú go mbeidh nascacht chuimsitheach ann do mhuintir Dhún na nGall.
1.3.	Iompar Tuaithe	Seirbhísí iompair tuaithe a chothú agus a fhorbairt tuilleadh i nDún na nGall
1.4.	Comhoibriú	Cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta a chothú, agus tacú le cur chuige den sórt sin, chun soláthar forbartha inbhuanaithe pobail agus eacnamaíochta sa Chontae a éascú sna codanna agus sna hearnálacha go léir dá bhfuil ann.
1.5.	Diaspóra	Teagmháil a dhéanamh le pobal domhanda Dhún na nGall agus an Contae a chur chun cinn ar bhonn domhanda.
1.6.	An Geatabhealach	Geatabhealach Leitir Ceanainn a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh mar áit 'Nasctha'.
1.7.	Lárionaid Forbartha	Gréasán nasctha Lárionad Forbartha a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do lonnaíochtaí chun fás spásúlachta atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn.
1.8.	Gaeltacht Dhún na nGall	A chinntiú go ndéantar Gaeltacht Dhún na nGall a fhorbairt go hiomlán agus í nasctha go hiomlán mar chuid den Chontae ina iomláine.
1.9.	Siúl & Rothaíocht	Nascacht agus rochtain a chur chun cinn trí bhealaí siúil agus rothaíochta.
1.10.	Cúrsaí Muirí	Nascacht mhuirí le Contae Dhún na nGall, agus laistigh de, agus rochtain ar an earnáil mhuirí, a fhorbairt.
1.11.	Bonneagar Straitéiseach	Soláthar comhordaithe 'Nascacht' a chinntiú agus infheistiúocht a aimsiú chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail i réigiún an Iarthuaiscirt.
1.12.	An Gréasán Leabharlann	Rannchuidiú le nascacht fheabhsaithe i gContae Dhún na nGall trí leanúint de ghréasán straitéiseach leabharlann poiblí a sholáthar agus trí bhonneagar leabharlainne agus seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil go héifeachtach tríd an ngréasán sin agus trí thionscnaimh ghaolmhara.
1.13.	Daoine nasctha	Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chontae a bhfuil daoine, pobail agus eagraíochtaí nasctha.

8.2 Cuspóirí ardleibhéil Sprioc 2

Sprioc 2: Leas a Bhaint as Caipiteal Nádúrtha & Daonna Dhún na nGall	
2.1. Ginearálta	Gach gné d'acmhainní nádúrtha agus daonna Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn.
2.2. An Timpeallacht Nádúrtha	Timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall a chosaint agus a chur chun cinn.
2.3. An Oidhreacht Teanga	A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge, agus ár n-oidhreacht teanga uathúil, níos feiceálaí, go gcluintear í a labhairt níos minice agus go gcomhtháthaítear í isteach sna gníomhaíochtaí go léir sa Chontae agus go ndéantar réigiún na Gaeltachta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt.
2.4. Turasóireacht	Forbairt inbhuanaithe ár sócmhainne nádúrtha a chur i gcrích chun táirge uathúil turasóireachta Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn
2.5. Slí an Atlantaigh Fhiáin	Caipiteal nádúrtha an Chontae a cheiliúradh agus a úsáid trí Shlí an Atlantaigh Fhiáin a shaothrú.
2.6. An Oidhreacht Fhoirgnithe	Oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chosaint agus a fheabhsú mar léiriú luachmhar ar idirghníomhaíochtaí nádúrtha agus daonna.
2.7. Pobail & Daoine	Cur le cumas pobal agus daoine trí fhorbairt a dhéanamh ar fheasacht agus ar thuiscint faoi chúrsaí pobail agus áite.
2.8. Diaspóra	Teagmháil a dhéanamh le pobal domhanda Dhún na nGall agus an Contae a chur chun cinn ar bhonn domhanda.
2.9. Scileanna Traidisiúnta	Caipiteal daonna a neartú trí fhorbairt agus foghlaim scileanna traidisiúnta a chur chun cinn.
2.10. Oiliúint, Oideachas agus Léann	Cur le caipiteal daonna trí oiliúint, oideachas agus léann.
2.11. An Acmhainn Mhuirí	Cumas acmhainn mhuirí Dhún na nGall a shainaithint agus leas iomlán a bhaint as.

8.3 Cuspóirí ardleibhéil Sprioc 3

Sprioc 3: Meas a thabhairt ar ár n-acmhainn Chultúir agus Chruthaitheachta, agus í a Chothú agus a Fhorbairt	
3.1. Ginearálta	Acmhainní cultúir agus cruthaitheachta a chothabháil agus a fhorbairt i gContae Dhún na nGall agus socrú a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht agus fás na n-acmhainní sin agus, chomh maith leis sin, socrú a dhéanamh maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus caighdeán beatha.
3.2. An Oidhreacht Teanga/Chultúir	Meas a thabhairt ar úsáid na Gaeilge, agus úsáid na Gaeilge a mhéadú, agus an Ghaeilge a chaomhnú i ngach réimse de shaol an Chontae agus réigiúin Ghaeltachta an Chontae a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh.
3.3. Rannpháirteachas an	Tacú le rannpháirteachas an phobail i ndáil le leas a bhaint as acmhainn

Phobail	chultúir, teanga agus cruthaitheachta an Chontae.
3.4. Earnáil Inbhuanaithe Cultúir	Earnáil inbhuanaithe cruthaitheachta agus cultúir a fhorbairt tuilleadh sa Chontae agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
3.5. Turasóireacht	Acmhainní cultúir agus cruthaitheachta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh mar chodanna dílse d'fhorbairt earnála inbhuanaithe turasóireachta.
3.6. Slí an Atlantaigh Fhiáin	Oidhreacht chultúir agus chruthaitheachta agus acmhainní staire Chontae Dhún na nGall a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun cinn ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
3.7. An Tírdhreach mar fhoinse Eolais i réimse na hOidhreachta	Aitheantas a thabhairt do thábhacht thírdhreach Dhún na nGall mar fhoinse eolais i réimse na hoidhreachta.
3.8. Éagsúlacht	Glacadh le héagsúlacht chultúir i bpobal Dhún na nGall agus meas a thabhairt uirthi.
3.9. An Oidhreacht Fhoirgnithe	Oidhreacht fhoirgnithe Chontae Dhún na nGall a chosaint, agus úsáid a bhaint aisti, mar chuid dhílis dár gcultúr.
3.10. Oileáin Dhún na nGall	Acmhainní cultúir agus cruthaitheachta Oileáin Dhún na nGall a chothú agus leas a bhaint astu.
3.11. Diaspóra	Teagmháil a dhéanamh leis na hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta atá ann ar fud Dhiaspóra domhanda Dhún na nGall.
3.12. Léann	Comhoibriú a dhéanamh maidir le forbairt agus soláthar oiliúna agus léinn in earnálacha cultúir agus cruthaitheachta an Chontae.
3.13. Cúrsaí Cruthaitheachta	Na tionscail chruthaitheachta a fhorbairt mar eiseamláir de scileanna áitiúla agus d'eolas áitiúil á aithint gur acmhainn don phobal í an fhiontraíocht chruthaitheachta.
3.14. Cúrsaí Digiteacha	Úsáid iomlán a bhaint as an earnáil dhigiteach mar fhoinse eolais le linn acmhainn agus earnáil chultúir agus chruthaitheachta Dhún na nGall a fhorbairt.
3.15. Earnáil Bheoga Chultúir	Earnáil bheoga chultúir a chothú agus a fhorbairt sa Chontae, lena n-áirítear ealaíontóirí aonair agus eagraíochtaí gairmiúla ealaíon, ar earnáil í a ghlacann le gach cineál ealaíne lena n-áirítear: ealaíona taibhiúcháin, amharc-ealaíona, litríocht, ealaín thraidisiúnta agus ealaín chomhaimseartha, saothar nua ealaíne, i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha phobail nua Dhún na nGall.

8.4 Cuspóirí ardleibhéal Sprioc 4

Sprioc 4: Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Sláintiúil a Chur Chun Cinn		
4.1.	Uilechuimsitheacht dhigiteach	Rannpháirtíocht pobal áitiúil sa tSochaí Dhigiteach a chur chun cinn agus a éascú.
4.2.	Leathanbhanda	Soláthar Leathanbhanda Ardluais a uasmhéadú sa Chontae chun fás pobal inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chumasú.
4.3.	Rannpháirtíocht	Rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta a chur chun cinn agus a chothú i measc pobail mhíbhuntáistiúla agus grúpaí spriocdhírithé imeallaithe agus dul i dteagmháil le geallsealbhóirí iomchuí áitiúla agus náisiúnta chun eisiámh sóisialta agus saincheisteanna comhionannais a shainathint agus chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin.
4.4.	Sláinte & Folláine	Sláinte agus folláine a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
4.5.	Uilechuimsitheacht Shóisialta	Bochtaineacht a laghdú agus uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirteachas agus trí chomhoibriú ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
4.6.	Mná	Ceartas sóisialta, comhionannas agus cearta daonna ban a chur chun cinn.
4.7.	Fostaíocht	Conairí i dtreo fostaíochta a chruthú do dhaoine ó phobail imeallaithe mhíbhuntáistiúla agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
4.8.	Pobail na nOileán	Obair a dhéanamh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht phobail na n-oileán.
4.9.	Pobail Tuaithe & Cósta	Tacú le pobail tuaithe agus cósta atá faoi bhagairt agus a bhfuil meath ag teacht orthu.
4.10.	Pobail Ghaeltachta Dhún na nGall	Tacú le hinbhuanaitheacht phobail Ghaeltachta Dhún na nGall.
4.11.	An Ghaeilge	Méadú a dhéanamh ar an líon cainteoirí Gaeilge, agus ar chion na gcainteoirí Gaeilge i ndaonra an Chontae, agus lasmuigh de, lena n-áirítear an diaspóra.
4.12.	Contae Aoisbhá	Contae Dhún na nGall a fhorbairt mar chontae 'Aoisbhá'.
4.13.	Leanaí & Daoine Óga	Obair a dhéanamh chun 5 thoradh náisiúnta a bhaint amach do leanaí de réir mar atá leagtha amach sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020.
4.14.	Daoine faoi Mhíchumas	Rannpháirtíocht iomlán ag daoine faoi mhíchumas sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
4.15.	Pobal an Lucht Siúil agus an Pobal Romach	Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh chun saincheisteanna, ábhair imní agus bacainní a shainathint maidir le soláthar seirbhísí do Phobal an Lucht Siúil, don Phobal Romach agus do Phobail Mhionlaigh Eitnigh agus cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin.

4.16. Léann	A chumasú do dhaoine aonair agus do phobail teacht chun bheith inbhuanaithe trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhFoghlaim ar feadh an tSaoil.
4.17. Cothú Síochána & Réiteach Coimhlinte	Deiseanna a fhorbairt i ndáil le cothú síochána agus réiteach coimhlinte laistigh den Chontae agus ar bhonn trasteorann agus straitéisí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar sheicteachas, ar chiníochas agus ar shaincheisteanna coimhlinte áitiúla trí chur chuige forbartha pobail a ghlacadh.
4.18. Obair Dheonach	Obair dheonach a fhorbairt mar acmhainn do Chontae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
4.19. Eagraíochtaí Pobail	Tacú le hobair eagraíochtaí pobail/deonacha laistigh de Chontae Dhún na nGall mar acmhainn do chaipiteal sóisialta a úsáidfear chun deiseanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur ar aghaidh.
4.20. Bonneagar Pobail	An úsáid is mó agus is féidir a bhaint as bonneagar pobail atá ann cheana féin agus féachaint le déileáil le haon easnamh a shainaitheann i ndáil le bonneagar pobail sa Chontae.
4.21. Lárionaid Forbartha	Tacaíocht a thabhairt, agus cur chun cinn a dhéanamh, maidir le neartú uirbeach na Lárionad Forbartha atá sainaitheanta agus maidir leis na lonnaithe atá ann mar thaca do na lárionaid sin le gur féidir pobail inbhuanaithe uilechuimsitheacha a chur chun cinn agus a éascú.

8.5 Cuspóirí ardleibhéil Sprioc 5

Sprioc 5: Dún na nGall a Fhorbairt mar Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta	
5.1. Comhoibriú	Rannpháirteachas, malartú eolais agus comhoibriú níos mó idir soláthróirí oideachais agus an réimse tionscail a neartú.
5.2. Cúrsaí Muirí	Cumas iomlán na hearnála muirí a bhaint amach trí léann cuí a sholáthar agus trí gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun cinn.
5.3. An tSochaí Dhigiteach	Teagmháil leis an tsochaí dhigiteach a chur chun cinn i ngach cineál soláthair oideachais.
5.4. STEM	Spreagadh a thabhairt i leith dul i mbun ábhair STEM.
5.5. Sláinte	Cur lenár n-oidhreacht liachta, agus feabhas a chur ar shláinte daoine a thiocthaidh inár ndiaidh, trí iarrachtaí nua, nuálaíocht agus comhoibriú a chur ar aghaidh i réimsí an oideachais, an taighde agus sna seirbhíse.
5.6. Comhpháirtíocht Taighde & Forbartha	Taighde agus Nuálaíocht a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh trí ghréasáin, trí chomhpháirtíocht agus trí chomhoibriú sa réigiún seo agus ar bhonn idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhoibriú le Diaspóra Dhún na nGall.
5.7. Fostaíocht	Conairí i dtreo fostaíochta a chruthú agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
5.8. Acmhainní Nádúrtha	Acmhainní nádúrtha uilig an Chontae, i ngach earnáil, a shainaitheann agus leas a bhaint astu.
5.9. Léann	A chumasú do dhaoine aonair barr a gcumais a bhaint amach trí

	infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus na nithe sin a bheith ar fáil go héasca.
5.10. Bonneagar a úsáid	An úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as bonneagar atá ann cheana féin agus as bonneagar nua agus easnamh bhonneagair sa réigiún a shainaithint agus a réiteach.
5.11. Leitir Ceanainn Nasctha	A chinntiú gur áit nasctha í Leitir Ceanainn i gcomhthéacs an léinn, an taighde agus na nuálaíochta.
5.12. Naisc 3ú Leibhéal	Naisc níos mó idir sholáthróirí oideachais tríú leibhéal a chur chun cinn d'fhonn forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach, taighde agus nuálaíocht a chur ar aghaidh sa réigiún.
5.13. FET	Conairí rochtana ar bhreisoideachas agus ar oiliúint a fheabhsú.
5.14. Litearthacht & Uimhearthacht	Feabhas a chur ar litearthacht, ar uimhearthacht agus ar scileanna cumarsáide i measc aosach agus daoine óga.
5.15. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach san Earnáil Oideachais	Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair san earnáil oideachais.
5.16. Braislí	Forbairt roinnt braislí a éascú chun fiontraíocht, infheistíocht agus fiontair a chur chun cinn sa réigiún.
5.17. Pleanáil Spásúlachta	Acmhainní atá ann cheana féin a úsáid chun pleanáil éifeachtach spásúlachta a éascú sa réigiún.
5.18. Fiontraíocht	Bainistíocht ghnó agus cumais úinéirí/bainisteoirí FBM-anna a neartú.

8.6 Cuspóirí ardleibhéal Spríoc 6

Spríoc 6: Branda 'Dún na nGall' a Fhorbairt	
6.1. 'Dún na nGall'	Branda 'Dún na nGall' a fhorbairt mar acmhainn chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail.
6.2. Daoine & Áit	Muintir Dhún na nGall, agus Dún na nGall mar 'áit', a chur chun cinn mar acmhainn do Bhranda Dhún na nGall.
6.3. Diaspóra Dhún na nGall	Leas a bhaint as Diaspóra Dhún na nGall le linn Dún na nGall a chur chun cinn ar bhonn domhanda.
6.4. Na Meáin	Dún na nGall a chur chun cinn trí raon meán.
6.5. Báúil do Ghnó & do Dhaoine	Dún na nGall a mhargú mar áit iontach chun cónaí ann, chun bheith ag obair ann agus chun gnó a dhéanamh ann.

8.7 Cuspóirí ardleibhéil Spríoc 7

Spríoc 7: Fiontraíocht, Infheistíocht agus Fiontair a Chur Chun Cinn	
7.1. An tÉiceachóras	Éiceachóras comhordaithe fiontraíochta agus fiontar a fhorbairt.
7.2. Infheistíocht Isteach	Infheistíocht isteach oiriúnach do Dhún na nGall, agus í bunaithe ar eolas agus scileanna ardchaidheáin, a aimsiú, a fháil agus a chumasú.
7.3. An Geatabhealach	Leanúint de thacú le forbairt Gheatabhealach nasctha Leitir Ceanainn-Dhoire mar phríomh-lárionad fáis an Réigiúin.
7.4. Forbairt Eacnamaíochta na gCeantar Tuaithe	Forbairt eacnamaíochta na gceantar tuaithe ar fud an Chontae a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
7.5. Cur chuige comhoibríoch	Tacaíocht a thabhairt ar mhodh comhoibríoch i ndáil le fiontraíthe, infheistíocht agus fiontair atá ann cheana féin agus i ndáil le fiontraíthe, infheistíocht agus fiontair nua.
7.6. Turasóireacht	Cumas iomlán na hearnála turasóireachta i gContae Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhodh comhoibríoch.
7.7. Slí an Atlantaigh Fhiáin	Luach Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhodh comhoibríoch.
7.8. Lárionaid Forbartha	Fás eacnamaíochta a chur chun cinn agus a chumasú agus lárionaid forbartha ata sainaitheanta, mar aon leis na lonnaitheanta a chothaíonn iad, a neartú.
7.9. An Oidhreacht Fhoirgnithe & an Oidhreacht Chultúir	Úsáid a bhaint as cumas oidhreacht fhoirgnithe agus chultúir Chontae Dhún na nGall.
7.10. An Teanga	An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn, agus leas á bhaint as an cumas eacnamaíochta a bhaineann léi ar fud an Chontae.
7.11. Diaspóra	Diaspóra Dhún na nGall a fhorbairt mar phobal domhanda le linn Dún na nGall a mhargú agus a chur chun cinn ar bhonn domhanda.
7.12. Feirmeoireacht	Tacú le feirmeoireacht, iascaireacht agus dobharshaothrú inbhuanaithe i gContae Dhún na nGall.
7.13. Taighde & Nuálaíocht	Dún na nGall a chur chun cinn mar lárionad den scoth i ndáil le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht.
7.14. Teicneolaíocht Ghlan	An earnáil teicneolaíochta glaine a fhorbairt agus a mhéadú i gContae Dhún na nGall.
7.15. Na Cealla Beaga	Na Cealla Beaga a chur chun cinn agus a fhorbairt mar mhol Acmhainní Muirí agus mar Lárionad Nuálaíochta d'Acmhainní Muirí, lena n-áirítear Bia, Turasóireacht agus Fuinneamh Aigéin.

7.16. An Acmhainn Mhuirí	Cumas eacnamaíochta acmhainn mhuirí Dhún na nGall a shainaithint agus leas a bhaint as i ngach cuid den earnáil.
7.17. Fiontraíocht Chruthaitheachta	Na dálaí cearta a chruthú, agus tacaíocht a sholáthar, i ndáil le Fiontraíocht Chruthaitheachta i gContae Dhún na nGall.
7.18. An Geilleagar Digiteach	Na deiseanna ar fad maidir le geilleagar digiteach Dhún na nGall a fhorbairt go hiomlán agus a chur ar aghaidh.
7.19. Bia	Taighde a chur chun cinn, cabhrú le fiontair agus poist a chruthú san earnáil bhia i gContae Dhún na nGall.
7.20. Fiontraíocht Shóisialta	Fiontraíocht shóisialta inbhuanaithe a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshláin eacnamaíochta agus sóisialta.
7.21. Bonneagar Nascachta	Comhoibriú a dhéanamh chun nascacht a chur ar fáil laistigh den Chontae, agus don Chontae, ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta a chumasú.
7.22. Bonneagar Straitéiseach	Comhoibriú a dhéanamh chun an infheistíocht riachtanach i mbonneagar straitéiseach a áirithiú e.g. rochtain de bhóthar agus d'aer, i réigiún an Iarthuaiscirt chun tacú le fás eacnamaíochta.
7.23. Fórsa Saothair Oilte	Rochtain ar fhórsa saothair oilte a fhorbairt agus a éascú chun fás eacnamaíochta a chumasú.
7.24. Báúil do Ghnó agus do Dhaoine	Plean Freagrachta Corparáidí an Rialtais a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur áit mhaith í Dhún na nGall chun cuairt a thabhairt air nó gnó a dhéanamh ann.

9.0 Na Réimsí Gníomhaíochta

Tá na Réimsí Gníomhaíochta i ndáil le gach cuspóir ardleibhéil leagtha amach in Imleabhar 2, 'Réimsí Gníomhaíochta PÁEP Dhún na nGall'. Beidh ar an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail agus ar an gCoiste Forbartha Eacnamaíochta araon formhaoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá sainaitheanta ós rud é gur gníomhaíochtaí de chineál leathan iad agus, i gcuid mhór cásanna, go rannchuideoidh siad le baint amach roinnt spriocanna agus cuspóirí éagsúla de chuid an Phlean ag an am céanna. Is iad na Réimsí Gníomhaíochta an príomhbhealach a úsáidfear chun Spriocanna agus Cuspóirí an phlean a sholáthar trí bhearta sonracha a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta agus pobail ag leibhéal áitiúil. Tá gach réimse gníomhaíochta ar leith ceaptha chun cuspóir áirithe ardleibhéil a chur i bhfeidhm agus tá sé sin bainteach go díreach le Spriocanna Tosaíochta an Phlean a bhaint amach. In Imleabhar 2, luaitear go bhfuil ceithre chomhchuid ann mar bhuntaca do na Réimsí Gníomhaíochta - is comhchodanna iad atá daingean, comhtháite, amtheoranta agus sannta.

Réimsí Gníomhaíochta Daingne

Seo clár daingean réimsí gníomhaíochta ar dá réir a d'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe, le linn an Plean a chur i bhfeidhm, tionscnaimh, tionscadail agus nó dreasachtaí de chineál malartach/breise a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Mar thoradh ar an gcur chuige seo, beifear in ann déileáil le cúinsí mear-athraitheacha nó le cúinsí gan choinne amhail cláir mhaoiniúcháin nó athrú eagrúcháin, mar shampla. Dá bhrí sin, de réir mar atá an Plean á chur i bhfeidhm, ach ar bhonn bliantúil ar a laghad, féadfar na réimsí gníomhaíochta a leasú, féadfar cur leo nó féadfar iad a fhágáil ar lár ionas go mbeidh an Plean solúbtha agus dinimiciúil fós i leith cúinsí athraitheacha.

Réimsí Gníomhaíochta Comhtháite

Tagann roinnt réimsí gníomhaíochta chun cinn arís mar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoi roinnt cuspóirí éagsúla agus, freisin, i ndáil le roinnt Spriocanna, is é sin le rá, mar dhúbláil dhíreach a bhfuil cuspóir léi nó mar athrú ar bhéim áirithe. Is léiriú é sin ar chineál comhtháite na ngnéithe Eacnamaíochta agus Pobail den Phlean agus ar an tslí ina dtabharfaidh gníomhaíochtaí aghaidh ar riachtanais eacnamaíochta agus ar riachtanais phobail ag an am céanna.

Réimsí Gníomhaíochta Amtheoranta

A mhéid ab indéanta agus ab fhéidir, leagadh síos tréimhse ama theoranta maidir le cur i bhfeidhm gach réimse gníomhaíochta ar leith i gcomhthéacs an réimse a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma. I roinnt cásanna, beidh gá le gníomhaíocht láithreach, ghearrthéarmach i leith réimsí gníomhaíochta chun clocha míle áirithe a bhaint amach agus is é a leanfaidh as sin ná gné níos mó nó níos straitéisí a chur i gcrích san fhadtéarma. I gcásanna den sórt sin, tá meascán roghanna de chineál gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach sainaitheanta de réir mar is cuí.

Réimsí Gníomhaíochta Sannta

Tá comhpháirtithe forfheidhmiúcháin as an earnáil phoiblí, as an earnáil phríobháideach agus as an earnáil phobail & dheonach sannta do gach Réimse Gníomhaíochta ar leith. Sa chuid is mó cásanna, moltar cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh agus sampla de sin is ea sainathint 2 chomhpháirtithe forfheidhmiúcháin nó níos mó agus tá na comhpháirtíochtaí comhdhéanta de dhuine/daoine atá freagrach as cur i bhfeidhm i leith gnéithe áirithe amtheoranta agus de chomhpháirtithe comhoibríoch gaolmhara.

10.0 An Creat Forfheidhmiúcháin, Faireacháin, Measúnaithe agus Athbhreithnithe

Is é atá sa 'Creat Forfheidhmiúcháin, Faireacháin, Measúnaithe agus athbhreithnithe don Phlean' ná an creat ar dá réir a dhéanfar tomhas ar éifeachtacht chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí. I bhfianaise chineál comhtháite na ngnéithe eacnamaíochta agus pobail de PÁEP Dhún na nGall, beidh ar an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail agus ar an gCoiste Forbartha Eacnamaíochta araon formhaoirseacht a dhéanamh ar an gCreat Forfheidhmiúcháin agus cuirfear struchtúir chúí tuairiscithe ar bun i gcomhthéacs nósanna imeachta oibríochta na gCoistí iomchuí. Is comhchuid antábhachtach é seo agus aithníonn se go ndéanfar roinnt gníomhaíochtaí a chur i gcrích trí chlár láithreacha agus trí chlár nua de chuid geallsealbhóirí eile chomh maith le gníomhaíochtaí a bheith á gcur i gcrích ag an údarás áitiúil.

D'ainneoin nósanna imeachta oibríochta na gCoistí, déanfar cur i bhfeidhm a stiúradh i gcomhthéacs na bpríomhluachanna buntaca atá leagtha amach i roinn 4.0 den doiciméad seo. Go háirithe, agus chun cabhair a thabhairt maidir le hoibriú de réir na bpríomhluachanna, samhlaítear go dtacóidh na gníomhaíochtaí go léir le meabhrán tuisceana maidir le comhphlé faoi bhacainní nó faoi dhúshláin a thiocfaidh chun cinn thar ré an Phlean agus a dhéanann difear do chur i bhfeidhm an Phlean. Go hachomair, is iad seo a leanas na luachanna buntaca a bhfuil PÁEP Dhún na nGall bunaithe orthu:

- déanfar comhionannas a chur chun cinn agus a phríomhshruthú;
- beidh an plean bunaithe ar chuspóirí atá inbhuanaithe;
- déanfar na fáltais a gheofar ó na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus laghdófar dúbláil;
- déanfar torthaí sláinte agus folláine a chomhtháthú agus a uasmhéadú sna gníomhaíochtaí ar fad a dtugtar fúthu;
- cinnteofar rannpháirtíocht fhóna sa phróiseas pleanála, agus cinnteofar comhairliúchán agus teagmháil le pobail;
- bainfear úsáid as prionsabail forbartha pobail, is é sin le rá, Comhghníomhaíocht, Cumhachtú, Ceartas Sóisialta, Comhionannas & Frith-idirdhealú, Rannpháirtíocht;
- beidh an plean bunaithe ar chur chuige de chineál comhoibríoch agus comhpháirtíochta;
- leagfar síos an comhthéacs áitiúil do chlár mhaoiniúcháin príomhshrutha;

- beidh an plean i gcomhréir le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna athrú) agus le croístraitéis an phlean sin, agus beidh sé i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha;
- sainaitheofar gníomhartha soiléire spriocdhírthe i leith na nithe atá le cur i gcrích.

Mar threoir maidir le bunú Creata Forfheidhmiúcháin, déanfar Nóta Treorach RCPRÁ, Meitheamh 2015, agus ‘An Teimpléad Faireacháin Forfheidhmiúcháin’ a ghabhann léi a oiriúnú do na socruithe forfheidhmiúcháin is fearr a oireann d’ábhar PÁEP Dhún na nGall agus dár gcúinsí áitiúla. Tríd an gCreat Forfheidhmiúcháin, cuirfear ar aghaidh na Réimsí Gníomhaíochta atá leagtha amach in Imleabhar 2 chun na gníomhaíochtaí nó na gnéithe de ghníomhaíochtaí a mbeidh tús áite acu thar Bhliain 1 den phlean a shainaithint agus mar chuid de sin, beidh spriocanna, táscairí feidhmíochta agus clocha míle maidir le dul chun cinn ann. Is gá an cur chuige i ndáil le faireachán, measúnú agus athbhreithniú i leith an PÁEP a bhreithniú agus a fhorbairt tuilleadh. Déanfar sin sa dá shlí seo a leanas:

1. Faireachán – cuimsíonn sé sin bailiú faisnéise ar bhonn tréimhsiúil maidir leis an rath i ndáil le haschuir thionscadail a bhaint amach agus, dá bhrí sin, beidh sé dírithe ar leibhéal an tionscadail.
2. Beidh an measúnú dírithe ar leibhéal straitéiseach agus cuimseoidh sé:
 - (i) an t-athbhreithniú ar thionchar aschuir agus thorthaí an tionscadail i gcomparáid le cuspóirí PÁEP;
 - (ii) scrúdú ar oiriúnacht straitéiseach chuspóirí an PÁEP i gcomparáid le straitéisí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Ar dtús, díreofar ar bhunú creata measúnúcháin i leith spriocanna agus chuspóirí ardleibhéil an PÁEP. Chuige sin, in Aguisín 1 den PÁEP, ‘Próifíl an Chontae’, soláthraítear an bhunlíne chuimsitheach, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir de, i gcás raon leathan táscairí tionchair (i leith spriocanna) agus táscairí aschuir (i leith cuspóirí ardleibhéil).

Chun tionchar idirghabhálacha PÁEP a chinneadh, tá sé beartaithe 2 tháscaire tionchair ar a laghad a bhunú i ndáil le gach ceann ar leith de na 7 sprioc thosaíochta, amhail an sampla a thugtar thíos i ndáil le Sprioc 4:

Sampla de tháscaire tionchair i ndáil le Sprioc 4:

Sprioc 4	Táscaire	Bunlíne	Spriocbhliain 1	Spriocbhliain 2	Spriocbhliain 3
Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Sláintiúil a Chur Chun Cinn	Scór Díothachta Coibhneasta	-6.25,	-6.00	-5.75	-5.50

Ina theannta sin, bunófar na táscairí aschuir chun tomhas a dhéanamh ar na cuspóirí ardleibhéil atá ann sa PÁEP agus tá sampla táscach ar taispeáint sa tábla seo a leanas:

Tábla: Sampla de Tháscairí Aschuir

Cuspóir Ardleibhéil	Táscaire/Táscairí Aschuir
Rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach a fheabhsú chun uilechuimsiú Dhún na nGall a chinntiú, chun leithlisiú agus eisiámh sóisialta a laghdú, chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus chun a chinntiú go mbeidh nascacht chuimsitheach ann do mhuintir Dhún na nGall.	% den daonra a bhfuil rochtain ar leathanbhanda acu Lón duine a dhéanann rochtain ar mhoil dhigiteacha
Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chontae a bhfuil daoine, pobail agus eagraíochtaí nasctha.	Amanna Taistil chuig Dún na nGall & laistigh de. Bealaí/minicíocht maidir le hAerfoirt oibríochta Dhún na nGall-Dhoire. Bealaí/minicíocht maidir le hlompar Tuaithe. Leibhéil Leathanbhanda/Rochtain Ríomhaireachta
Éiceachóras comhordaithe fiontraíochta agus fiontar a fhorbairt.	An líon micrifhiontar, saolré na micrifhiontar sa Chontae. Rátaí Fostaíochta/Dífhostaíochta
Cumas iomlán na hearnála turasóireachta i gContae Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhodh comhoibríoch. Luach Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhodh comhoibríoch.	An líon turasóirí & loncam don Chontae. An líon daoine a thugann cairt ar Príomh-thaitneamhachtaí Rátaí fostaíochta a bhaineann le turasóireacht
A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge, agus ár n-oidhreacht teanga uathúil, níos feiceálaí, go gcluintear í a labhairt níos minice agus go gcomhtháthaítear í isteach sna gníomhaíochtaí go léir sa Chontae agus go ndéantar réigiún na Gaeltachta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt.	An líon daoine a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den scoil nó den choláiste sa Ghaeltacht % de na daoine, agus an líon daoine, a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais agus lasmuigh den Ghaeltacht
Oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chosaint agus a fheabhsú mar léiriú luachmhar ar idirghníomhaíochtaí nádúrtha agus daonna.	Cáil na hoidhreachta foirgnithe, nádúrtha & cultúir An oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha & chultúir mar chúis le cuairt a thabhairt ar an gContae An líon foirgneamh oidhreachta cultúir atá folamh

Cumasóidh an cur chuige seo forbairt a dhéanamh ar Chreat Forfheidhmiúcháin, Faireacháin, Measúnaithe agus Athbhreithnithe don Plean ar creat é a chomhlánóidh cineál daingean fianaise-bhunaithe na réimsí gníomhaíochta agus éascóidh se measúnacht bhliantúil chun a chinntiú go mbíonn an plean agus an creat solúbtha agus dinimiciúil i leith cúinsí athraitheacha.